RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/752 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Aibreán 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 965/2010 ([2]) ón gComhairle, d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, tabharfar 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta air.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2229 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Coimisiún deireadh leis an bpáirt-athbhreithniú eatramhach, de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an bun-Rialachán') maidir leis na bearta frithdhumpála is infheidhme i leith allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh na Síne, athbhreithniú a bhí teoranta do tháirgeoir onnmhairiúcháin Síneach amháin Shandong Kaison Biochemical Co., Ltd ('Shandong Kaison') gan leasú a dhéanamh ar leibhéal na mbeart frithdhumpála i bhfeidhm.

(3) Tar éis imscrúdú athbhreithniúcháin éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') fad leis na bearta bunaidh go ceann cúig bliana eile le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/94 ón gCoimisiún ([4]) ("an t-athbhreithniú éaga roimhe seo").

(4) Is iad na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair *ad valorem* ná dleachtanna atá suite ag 53,2 % cé is moite de Shandong Kaison Biochemical Co., Ltd (5,6 %) agus Quingdao Kehai Biochemistry Co., Ltd (27,1 %).

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(5) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([5]), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 965/2010 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 282, 28.10.2010, lch. 24).

([3]) Cinneadh cur chun feidhme (AE) Uimh. 2016/2229 ón gCoimisiún an 09 Nollaig 2016 lena gcuirtear deireadh leis an bpáirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na bearta frithdhumpála is infheidhme i leith allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, teoranta do tháirgeoir onnmhairiúcháin Síneach amháin, Shandong Kaison (IO L 336, 10.12.2016, lch. 40).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/94 ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 20.1.2017, lch. 3).

([5]) IO C 25, 18.1.2022, lch. 8.

(6) Ba é Jungbunzlauer S.A. (An Fhrainc) ("an t-iarratasóir") a chuir isteach an iarratas ar athbhreithniú an 19 Deireadh Fómhair 2021 thar ceann an tionscail Eorpaigh a mhonaraíonn glúcónáit sóidiam de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an t-iarratas ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil agus/nó go gcuirfear tús léi arís agus go dtarlóidh díobháil arís do thionscal an Aontais.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(7) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 18 Eanáir 2022 maidir le teacht isteach san Aontas na n-allmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh na Síne, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([6]) ("an Fógra Tionscnaimh").

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(8) Leis an imscrúdú maidir le leanúint den dumpáil nó tús a chur léi arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ("tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go gcuirfear tú léi arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(9) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon leis an táirgeoir aitheanta eile ón Aontas, na táirgeoirí aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí, trádálaithe, chomh maith le comhlachais, ar fios iad a bheith bainteach le tionscnamh imscrúdú an athbhreithnithe éaga, agus iarradh orthu a bheith rannpháirteach ann.

(10) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.6. **Sampláil**

(11) Ó tharla gur cosúil go bhfuil líon mór táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann agus go bhfuil líon mór allmhaireoirí neamhghaolmhara san Aontas, shonraigh an Coimisiún san Fhógra Tionscnaimh go bhféadfadh sé na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus na hallmhaireoirí neamhghaolmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Allmhaireoirí a shampláil

(12) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(13) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhghaolmhar an fhaisnéis a iarradh. Ó tharla nach bhfuarthas aon fhreagra, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil

(14) D'fhonn a aimsiú cé acu a bhí nó nach raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i Dhaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne táirgeoirí eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(15) Níor sholáthair aon táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh aon cheann acu a bheith san áireamh sa sampla.

([6]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí glúcónáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 25, 18.1.2022, lch. 8)

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(16) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(17) Sheol an Coimisiún litreacha ina raibh naisc le ceistneoirí chuig an dá tháirgeoir aitheanta san Aontas agus chuig allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta neamhghaolmhara. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil freisin sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ar líne ([7]) ar lá an tionscnaimh.

(18) Fuarthas freagraí ceistneora ó tháirgeoir an Aontais, Jungbunzlauer S.A. Níor chuir aon allmhaireoir neamhghaolmhar ná aon úsáideoir freagra ceistneora isteach.

1.8. **Cuairteanna fíorúcháin**

(19) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus den díobháil agus nó go gcuirfí tús leo arís agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh an iarratasóra sa Fhrainc a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán.

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(20) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge faoin imscrúdú bunaidh agus faoin athbhreithniú éaga roimhe seo, is é sin glúcónáit sóidiam thirim, ag a bhfuil uimhir an Aontais Custaim agus Staidrimh (CUS) 0023277-9 agus uimhir chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán (CAS) 527-07-1. ("an táirge faoi athbhreithniú" nó "glúcónáit sóidiam"), a thagann faoi láthair faoi chód CN ex 2918 16 00 (cód TARIC 2918 16 00 10).

(21) Úsáidtear glúcónáit sóidiam go príomha i dtionscal na tógála mar mhoillitheoir socraithe agus mar phlaisteachán coincréite agus i dtionscail eile mar chóireáil dromchla do mhiotail (meirge, ocsaídí agus saill a bhaint) agus chun buidéil agus trealamh tionsclaíoch a ghlanadh. Féadtar an táirge a úsáid freisin sna tionscail bhia agus chógaisíochta.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(22) Is éard atá sa táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo, an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2.3. **An táirge comhchosúil**

(23) Ar nós an méid a suíodh san imscrúdú bunaidh, chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(24) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

([7]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2570

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(25) Mar a luaitear in aithris (15), níor chomhoibrigh aon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí ón tSín san imscrúdú. Dá bhrí sin, an 11 Iúil 2022 chuir an Coimisiún údaráis na Síne ar an eolas go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhair, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann leis an tSín. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(26) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar leis an dumpáil, bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis atá san iarratas ar an athbhreithniú éaga, ar fhaisnéis a fuarthas ó pháirtithe comhoibritheacha le linn an imscrúdúcháin (is é sin, an t-iarratasóir) agus ar fhaisnéis ó fhoinsí eile atá ar fáil go poiblí, go háirithe an tAtlas Trádála Domhanda ("GTA") ([8]).

(27) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí allmhairí glúcónáite sóidiam fós ag teacht ó Dhaon-Phoblacht na Síne, cé go raibh siad á n-allmhairiú ar leibhéil níos ísle ná mar a bhí sa tréimhse imscrúdúcháin a bhain leis an athbhreithniú éaga roimhe seo. De réir Eurostat b'ionann allmhairiú glúcónáite sóidiam ó Dhaon-Phoblacht na Sine agus [6 % - 10 %] de mhargadh an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le sciar den mhargadh 24,8 % san imscrúdú bunaidh agus [3 % - 15 %] le linn an athbhreithnithe éaga roimhe seo.

3.2. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

(28) Ós rud é gur leor an fhianaise a bhí ann tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena thaispeáint, a mhéid a bhain le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(29) An fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, chun an fhaisnéis sin a fháil, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, an 11 Iúil chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasacha sa tSín.

(30) I bpointe 5.3.2. den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa agus mhol sé an Cholóim maidir leis seo. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a), den bhun-Rialachán.

(31) An 22 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas le Nóta ("an Nóta") faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Cholóim an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go mbunódh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ("costais SGA") agus brabúis ar fhaisnéis atá ar fáil don chuideachta Sucroal S.A. ("Sucroal SA"), táirgeoir táirgí sa chatagóir agus/nó san earnáil chéanna agus atá an táirge faoi athbhreithniú, toisc nár táirgeadh glúcónáit sóidiam ach amháin san Aontas Eorpach, i nDaon-Phoblacht na Síne, agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá ("na Stáit Aontaithe").

([8]) https://www.gtis.com/gta/

(32) Ina bharúlacha ar an Nóta, mhaígh an t-iarratasóir gur cheart don Choimisiún tosca táirgeachta eile a úsáidtear i monarú glúcónáite sóidiam a chur san áireamh freisin amhail áis scagacháin, ceimiceáin chúnta eile, gal, fóntais, cothabháil agus tomhaltáin.

(33) Sa Nóta chuir an Coimisiún na príomhthosca táirgeachta i láthair. Sa bhreis ar na tosca táirgeachta sin chuir an Coimisiún forchostais isteach freisin mar a mhínítear in aithris (84). Ina theannta sin, ag glacadh leis gur athbhreithniú éaga é an t-imscrúdú reatha de bhun Airteagal 11(2) ar an mbun-Rialachán, nach bhfuil gá le corrlach dumpála a ríomh go beacht, ach chun a shuí an dóchúlacht go leanfar leis an dumpáil nó go gcuirfear tús léi arís, mheas an Coimisiún gur sa chás seo d'fhéadfadh sé díriú go heisceachtúil ar na príomhthosca táirgeachta chun an gnáthluach a ríomh agus, dá bhrí sin, an corrlach dumpála. Mar a luaitear in aithris (92), nuair a ríomhadh an gnáthluach trí úsáid a bhaint as na príomhthosca táirgeachta amháin, léiríodh dumpáil shuntasach. Dá gcuirfí tosca táirgeachta breise san áireamh chun an gnáthluach a ríomh, mhéadófaí an corrlach dumpála a thuilleadh fós.

3.3. **An gnáthluach**

(34) De réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *"déanfar an gnáthluach a shuí de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir"*.

(35) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "*i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgeachta agus díolacháin ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*", agus "'*áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnta de chostais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús' ('costais SG&A'* a thugtar anseo feasta ar *'costais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta')*".

(36) Mar a mhínítear thíos a thuilleadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. ***Saobhadh suntasach a bheith ann***

(37) Cé nach ndearna an Coimisiún imscrúdú sonrach ar onnmhairí glúcónáite sóidiam i gcomhthéacs Airteagal 2(6a) san am a chuaigh thart, sna himscrúduithe a rinneadh le déanaí ar chomhdhúile ceimiceacha eile, go háirithe na breiseáin bia potaisiam aicéasuilféime, ([9]) cioglamáit sóidiam ([10]) agus aspairtéim ([11]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán i láthair sna hearnálacha ceimiceán agus peitriceimiceán i nDaon-Phoblacht na Síne. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sna himscrúduithe sin gur ar bhonn na fianaise ar bhí ar fáil, ba iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

(38) Sna himscrúduithe sin, chinn an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas Daon-Phoblacht na Síne, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([12]).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/116 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí potaisiam aicéasuilféime de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 19, 28.1.2022, lch. 22).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1924 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cioglamáite sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus hIndinéise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 264, 11.10.2022, lgh. 12).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2001 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aspairtéime de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 274, 24.10.2022, lgh. 24).

([12]) Rialachán (AE) 2022/116, aithrisí 82-88 agus 121-122, Rialachán (AE) 2022/1924, aithrisí 71-77 agus Rialachán (AE) 2022/2001, aithrisí 105-108.

(39) Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach amháin gurbh ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne sna hearnálacha potaisiam aicéasuilféime, cioglamáite sóidiam agus aspairtéime de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([13]), ach go bhfuil sé de chumas ar Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([14]).

(40) Rinne an Coimisiún amach thairis sin go mbíonn éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([15]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ([16]).

(41) Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá sna hearnálacha potaisiam aicéasuilféime, cioglamáite sóidiam agus aspairtéime de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([17]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain i nDaon-Phoblacht na Síne ([18]).

(42) Faoi mar a rinne sé sna himscrúduithe roimhe seo maidir le potaisiam aicéasuilféime, cioglamáit sóidiam agus aspairtéim, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú seo ar cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise atá ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarraidh ar athbhreithniú agus sa Tuarascáil araon ([19]), ar fhianaise í atá ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha suntasacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(43) San iarratas ar athbhreithniú sa chás seo, rinneadh tagairt don Tuarascáil, inar luadh saobhadh maidir leis na príomhthosca táirgeachta, amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothair. Thairis sin, maidir leis an earnáil glúcónáite sóidiam go háirithe, leagadh béim san iarraidh go bhfuil na táirgeoirí sa tSín idirnasctha go dlúth le Stát na Síne, ag liostú Xiwang Sugar, an tríú táirgeoir glúcónáite sóidiam is mó mar shampla. San iarratas, cuireadh ar fáil cásanna de chaidreamh dlúth idir Xiwang Sugar agus an Stát, ag tagairt do theidil éagsúla a bronnadh ar an gcuideachta, mar atá liostaithe ar shuíomh gréasáin na cuideachta: "príomhfhiontar náisiúnta i

([13]) Rialachán (AE) 2022/116, aithrisí 91-92, Rialachán (AE) 2022/1924, aithrisí 55-56 agus Rialachán (AE) 2022/2001, aithris 94.

([14]) Rialachán (AE) 2022/116, aithrisí 93-94, 96, Rialachán (AE) 2022/1924, aithrisí 57-61 agus Rialachán (AE) 2022/2001, aithrisí 95-96: Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trína féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1.86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear i measc táirgeoirí potaisiam aicéasuilféime agus soláthróirí na n-ionchur a úsáidtear iontu.

([15]) Rialachán (AE) 2022/116, aithrisí 97-100, Rialachán (AE) 2022/1924, aithrisí 62-67 agus Rialachán (AE) 2022/2001, aithrisí 97-101.

([16]) Rialachán (AE) 2022/116, aithrisí 101-104, Rialachán (AE) 2022/1924, aithris 68 agus Rialachán (AE) 2022/2001, aithris 102.

([17]) Rialachán (AE) 2022/116, aithrisí 105-106, Rialachán (AE) 2022/1924, aithris 69 agus Rialachán (AE) 2022/2001, aithris 103.

([18]) Rialachán (AE) 2022/116, aithrisí 107-117, Rialachán (AE) 2022/1924, aithris 70 agus Rialachán (AE) 2022/2001, aithris 104.

([19]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en

dtionsclaíocht talmhaíochta", "fiontar náisiúnta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol" agus "príomhfhiontar ardteicneolaíochta sa Phlean Tóirse náisiúnta". Bhuaigh sé na teidil "eagraíocht páirtí cosmhuintire náisiúnta atá chun cinn", "an chéad áit sa tionscal siúcra stáirse náisiúnta", "10 bhfiontar is fearr i dtionscal coipthe thionscal éadrom na Síne", "100 fiontar is fearr i dtionscal bia na Síne." Ina theannta sin, liostaítear san iarraidh roinnt ball de Pháirtí Cumannach na Síne ("CCP") atá ann i measc lucht bainistíochta na cuideachta ([20]).

(44) Ina theannta sin, luadh san iarraidh go bhfuil Zhucheng City ina scairshealbhóir mór i gcuideachta shealbhaíochta Xingmao Corn Developing, an dara táirgeoir glúcónáite sóidiam is mó sa tSín. Bronnadh duaiseanna éagsúla ar an bhfiontar sin freisin agus ghlac sé páirt i roinnt tionscadal náisiúnta, lena n-áirítear: "Fiontair ardteicneolaíochta náisiúnta agus fiontair réalta China Patent Shandong, tá níos mó ná 10 dtionscadal críochnaithe ag an gcuideachta, mar shampla 'cúig déag' náisiúnta, 'aon déag cúig'", "863", an claochlú stáit, an Clár Torch de chuid an Stáit, an Clár Spark, an plean taighde eolaíoch náisiúnta de Chúige Shandong ([21]).'

(45) Ina theannta sin, míníodh san iarratas gur fiontair ardteicneolaíochta mar a thugtar orthu iad roinnt cuideachtaí a bhfuil na pribhléidí comhfhreagracha acu, mar shampla an táirgeoir glúcónáite sóidiam is mó, Shandong Fuyang Biotechnology, an dara táirgeoir is mó Zhucheng Xingmao Corn Developing Co., Ltd, agus an tríú táirgeoir is mó Shandong Xiwang Sugar.

(46) Léiríodh san iarraidh go bhfuil iontrálaithe nua sa mhargadh glúcónáite sóidiam freisin ar fiontair faoi úinéireacht an Stáit iad ("SOEnna"), mar shampla an núíosach Heilongjiang Zhonglang Biotech Co., Ltd. mar scairshealbhóir tromlaigh ar an Qitaihe City Construction Investment Development Co., Ltd., cuideachta atá i seilbh na n-údarás áitiúil. Chomh maith leis sin, tá cúlra rialtais áirithe ag Qingdao Kehai Biochemical Co., Ltd ([22]). Thairis sin, míníodh san iarraidh go bhfuil SOEnna ann freisin a sholáthraíonn na príomhábhair a theastaíonn chun glúcónáit sóidiam a tháirgeadh, amhail stáirse arbhar, sóid loiscneach nó fuinneamh. Sampla amháin den sórt sin is ea COFCO Biotech, SOE agus táirgeoir mór stáirse arbhair. Is príomhtháirgeoir stáirse arbhar eile é Zhucheng Xingmao Corn Development (féach aithris (45)).

(47) Maidir leis na doiciméid bheartais atá i bhfeidhm, luadh san iarraidh sin de réir an 14ú Plean Cúig Bliana, go bhfuil an stát tiomanta do mhaoirseacht daingean a choinneáil ar an tionscal ceimiceán.

(48) Cuireadh in iúl san iarraidh gur aimsigh an Coimisiún roimhe seo go raibh saobhadh san earnáil ceimiceán i roinnt imscrúduithe ([23]). Sa bhreis air sin, léirigh Imscrúdú Dleachta Frithchúitimh a rinne Roinn Airgeadais na Stát Aontaithe gurbh ann do roinnt cásanna saofa san earnáil ([24]).

([20]) Féach an t-iarratas, leathanaigh 19-20.

([21]) Féach an t-iarratas, leathanach 20.

([22]) Féach an t-iarratas, leathanach 20.

([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndinéise iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 63) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.(IO L 129, 15.4.2021, lch. 73); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/441 ón gCoimisiún an 11 Márta 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 85, 12.3.2021, lch. 154); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 315, 29.9.2020, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/39 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sárocsasulfáite (sárshulfáití) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 13, 17.1.2020, lch. 18).

([24]) Féach US DOC, ITA, Meabhrán Cinnidh don Réamhchinneadh Dearfach: Imscrúdú Dleachta Frithchúitimh ar Ghlúcónáit Sóidiam, aigéad glúcónach agus táirgí díorthacha (GNA) ó Dhaon-Phoblacht na Síne, an 2 Bealtaine 2018; Saincheisteanna agus Meabhrán Cinnidh don Chinneadh Deiridh Críochnaitheach in Imscrúdú Dleachta Frithchúitimh ar Ghlúcónáit Sóidiam, aigéad glúcónach agus táirgí díorthaigh ó Dhaon-Phoblacht na Síne an 17 Meán Fómhair 2018.

(49) Aimsíodh leis an imscrúdú go bhfuil méid áirithe úinéireachta agus rialaithe ag Rialtas na Síne fós san earnáil glúcónáite sóidiam de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, lena n-áirítear sna fiontair seo a leanas a tháirgeann glúcónáit sóidiam, cé nach SOEanna iomlána iad, ach a bhfuil cion tábhachtach de scairsheilbh stáit dhíreach agus indíreach acu: Xingmao Corn Developing agus Heilongjiang Zhonglang Biotech.

(50) Maidir le Rialtas na Síne a bheith ábalta cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i bhfiontair de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, le linn an imscrúdaithe shuigh an Coimisiún gurbh ann do naisc phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne, i measc na gcumann tionscail a dhéanann ionadaíocht thar ceann táirgeoirí glúcónáite sóidiam agus stáirse arbhair agus i measc na bhfiontar déantúsaíochta araon.

(51) Suíodh go raibh roinnt táirgeoirí glúcónáite sóidiam ina gcomhaltaí gníomhacha de Chomhlachas Breiseán agus Comhábhar Bia na Síne ("CFFA"), a shonraíonn an méid seo a leanas ina Airteagail Chomhlachais: "*Airteagal 3: Cloíonn an Comhlachas le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, agus i gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, bunaíonn sé eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne, forbraíonn sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus cuireann sé na dálaí is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí. Aireacht Gnóthaí Sibhialta Dhaon-Phoblacht na Síne is ea údarás clárúcháin agus bainistithe an Chomhlachais, agus is é Coiste Páirtí an Choimisiúin um Fhaireachán agus Riarachán ar Shócmhainní faoi úinéireacht an Stáit sa Chomhairle Stáit an príomhúdarás le haghaidh ghníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí. Glacann an Páirtí le treoraíocht ghnó, faireachán agus bainistiú ón údarás riaracháin agus clárúcháin, ón bpríomhúdarás um neartú an Pháirtí agus ó na ranna ábhartha um bainistiú tionscail. […] Airteagal 22: Stiúrthóirí a thoghadh agus a chur as oifig: (1) Is iad comhaltaí an Choimisiúin a ainmneoidh na chéad-stiúrthóirí ar a mbunú agus is é comhdháil na gcomhaltaí a thoghfaidh iad tar éis do cheannaireacht neartaithe an Pháirtí iad a fhormheas.*"

(52) Is é an cumann tionscail a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí stáirse arbhair, arb é an príomh-amhábhar é chun glúcónáit sóidiam a tháirgeadh, Cumann Tionscal Stáirse na Síne ('CSIA'). Liostaítear na prionsabail seo a leanas in Airteagal 3 ina hAirteagail Chomhlachais:"*Cloíonn an t-eintiteas le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, bunaíonn sé eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne, agus i gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, forbraíonn sé gníomhaíochtaí an Pháirtí, agus cuireann sé na dálaí is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí. Aireacht Gnóthaí Sibhialta is ea údarás clárúcháin an eintitis seo, agus is é Coiste Páirtí an Choimisiúin um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní faoi úinéireacht an Stáit sa Chomhairle Stáit an príomhúdarás le haghaidh ghníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí. Glacann an t-eintiteas le treoraíocht ghnó, maoirseacht agus bainistiú na ngníomhaireachtaí bainistíochta clárúcháin, na gníomhaireachtaí ceannais tógála páirtí agus na ranna bainistíochta tionscail* ([25])."

(53) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí san earnáil glúcónáite sóidiam faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta. Ar shuíomhanna gréasáin tháirgeoirí an táirge lena mbaineann, cuirtear béim ar leith ar ghníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí, tá comhaltaí an Pháirtí i measc lucht bainistíochta na cuideachta, agus cuireann siad a gcleamhnacht le Páirtí Cumannach na Síne i dtábhacht. San imscrúdú nochtadh gníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí in Shandong Fuyang Biteicneolaíocht. Ghlac an chuideachta páirt i ngníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí a d'eagraigh CSIA i mí Lúnasa 2022 dá ballfhiontair. Cuireadh na gníomhaíochtaí i gcrích leis na spriocanna seo a leanas: "*D'fhonn forbairt chomhtháite tógála páirtí sa tionscal a chur chun cinn mar aon le hobair ghnó fiontair, [beimid] ag cloí leis an gceannaireacht tógála páirtí, ag cleachtadh na gceanglas ginearálta "ag díriú ar leibhéal na cosmhuintire, ag freastal ar ranganna páirtí, ag cleachtadh mianta bunaidh, ag dul i mbun taighde agus ag réiteach fadhbanna, agus céim nua a chothú go hiomlán san fhorbairt ardchaighdeán den tionscal stáirse* ([26])". Ina theannta sin, cuireann Cathaoirleach Shandong Fuyang Biotechnology béim ar naisc a chuideachta leis an Stát agus leis an CCP ar an mbealach seo a leanas: "*Le blianta beaga anuas, faoi cheannaireacht láidir choistí agus rialtais páirtí na cathrach agus an chontae, tá móiminteam forbartha seasta ag Fuyang Biotech trí bhainistiú dea-chóirithe agus urfhuascailt nuálaíoch. […] gan tacaíocht láidir ó choiste an pháirtí áitiúil agus an rialtais, ní bheadh an fiontar san áit ina bhfuil sé inniu. Go háirithe ón mbliain seo caite, nuair a d'eisigh an chathair go leor beartas agus beart a théann chun tairbhe d'fhiontair, mar shampla an "Plean Gníomhaíochta Trí Bliana", "20 Tuairim maidir le Cathair Thionsclaíoch Nua" agus "Beartas tacaíochta don 50 Fiontar is Fearr ó thaobh Íocaíochta Cáin agus Ranníocaíochta Sóisialta". (…) Neartaigh sé freisin ár muinín agus ár ndíograis chun ár bhforbairt a leathnú agus chun dlús a chur leis* ([27])."

([25]) Airteagail Chomhlachais CSIA ar fáil ag: http://www.siacn.org/

([26]) Féach an t-alt ar shuíomh Gréasáin CSIA: https://www.siacn.org.cn/ds/2209ce7a3f.html

([27]) Líonra Faisnéise Eacnamaíochta Tionscail na Síne, 'Óráid ó Fhiontraí Príobháideach | Zhang Dada, Cathaoirleach Shandong Fuyang Biotechnology Co., Ltd.: Tógáil tionscadal ardteicneolaíochta a chur chun cinn agus an bonn monaraíochta táirgí bitheolaíocha is fearr ar domhan a thógáil' a foilsíodh an 16 Lúnasa 2021 (téacs bunaidh i Sínis), ar fáil ag: http://www.cinic.org.cn/xy/dezhou/cjgc/1139848.html

(54) Déanann táirgeoir glúcónáite sóidiam eile, Shandong Xiwang Sugar, cur síos ar ról ghníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí ar an mbealach seo a leanas: *"Tuairiscítear go measann Xiwang Sugar obair neartaithe páirtí i gcónaí mar chúram tábhachtach. Chomh maith le dul i mbun gníomhaíochtaí neartaithe páirtí rialta, tá sé tar éis baill an pháirtí a shlógadh go gníomhach freisin chun dul isteach go domhain sa líne táirgthe agus fadhbanna a thagann chun cinn a réiteach, chun páirt iomlán a thabhairt don eagraíocht páirtí mar dhúnfort troda agus tá sé tar éis dul i mbun cosán forbartha ar leith freisin chun comhordú an neartaithe páirtí agus an táirgthe a áirithiú chomh maith lena n-atreisiú frithpháirteach"*.

(55) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil glúcónáite sóidiam lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena ndéantar tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Tá an tionscal glúcónáite sóidiam cumhdaithe ag roinnt pleananna, treoracha agus doiciméad eile atá dírithe ar cheimiceáin, lena n-áirítear breiseáin bhia, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach. Mar shampla, sa 14ú Plean Cúig Bliana ("FYP") ar Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta, an FYP ginearálta, uileghabhálach ina leagtar amach na spriocanna do na cúig bliana atá cumhdaithe ann, tugtar ról tábhachtach don tionscal ceimiceán: *"Roinn VIII-3: Dlús a chur le claochlú agus uasghrádú na bhfiontar i dtionscail ríthábhachtacha amhail an tionscal ceimiceán* ([28])".

(56) Sa 14ú Plean Cúig Bliana (FYP) ar Thionscal na n-Amhábhar a Fhorbairt, liostaítear na huaillmhianta teicneolaíochta atá leagtha amach sa 14ú FYP ar Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta ar an mbealach seo a leanas: *"Tábla 1 Príomh-threoirlínte maidir le Nuálaíocht Theicneolaíoch d'Earnálacha Peitriceimiceán agus Ceimiceán. […] ullmhúchán slabhraí cuimsitheacha tionscail d'ábhair bhithbhunaithe a chothú* ([29])".

(57) Ina theannta sin, tá rannpháirtíocht an Stáit i bhforbairt an tionscail ceimiceán san áireamh freisin sna Tuairimí Treoraithe chun Forbairt Ardchaighdeáin na dTionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán a Chur Chun Cinn le linn an 14ú FYP: *"Roinn III.5 (5) Bunathrú agus uasghrádú an tionscail a bhrostú agus a iomaíochas a fheabhsú. Nuashonrú dinimiciúil ar chatalóg na dteicneolaíochtaí agus na dtáirgí a spreagtar don tionscal peitriceimiceán agus ceimiceán a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm* ([30])".

(58) Ina theannta sin, leagtar amach an méid seo a leanas i bhFógra 2018 "MOA + 15 riarachán" maidir le Roinnt Bearta Beartais chun Tacú le Forbairt Ardchaighdeáin Táirgí Talmhaíochta' Domhainphróiseáil: "*1. Struchtúr an tionscail a bharrfheabhsú. Forbairt chomhordaithe ar dhianphróiseáil táirgí talmhaíochta lena bpróiseáil phríomha agus lena n-úsáid chuimsitheach a eagrú agus a chur chun cinn agus a áirithiú go bhfuil baint acu le tionscail réamhtheachtacha agus iartheachtacha amhail táirgeadh amhábhar sonrach, …. Faireachán agus anailís a dhéanamh go rialta ar leagan amach acmhainneachta táirgeachta dianphróiseála agus úsáid chuimsitheach ar tháirgí talmhaíochta builc, treoir a thabhairt don chlaochlú ar an gcumas táirgthe iomarcach agus dlús a chur le tógáil acmhainneacht táirgthe atá in easnamh, chomh maith le leagan amach an slabhra tionscail a bharrfheabhsú. Méadú ar luach breise próiseála arbhar, go háirithe in Oirthuaisceart na Síne* ([31])".

(59) Ina theannta sin, ar an leibhéal réigiúnach, tá ionstraimí ann ina leagtar amach idirghabháil an Stáit sa tionscal glúcónáite sóidiam. Mar shampla, d'fhoilsigh Cúige Shandong Fógra ar Phlean um Thógáil Cúige Talmhaíochta Láidir a Chothú (2021-2025) ina bhfuil na forálacha seo a leanas lena rialaítear an earnáil talmhaíochta, atá ábhartha freisin do tháirgeoirí glúcónáite sóidiam chomh maith le táirgeoirí an príomh-amhábhair, arb é síoróip ghlúcóis: *"(1) Idé-eolaíocht threorach. Treoraithe ag Machnamh Xi Jinping ar Shóisialachas le Tréithe na Síne le haghaidh Ré Nua, spiorad an 19ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne a chur chun feidhme go hiomlán chomh maith leis an Dara, an Tríú, an Ceathrú agus an Cúigiú Seisiún Iomlánach den 19ú Lárchoiste, agus idirghabhálacha tábhachtacha an Ard-Rúnaí Xi Jinping ar obair maidir le 'talmhaíocht, ceantair thuaithe agus feirmeoirí a chur chun feidhme go dícheallach […] Spriocanna Tógála. Faoi 2025, bainfear amach urfhuascailt mhór i dtógáil Shandong mar chúige talmhaíochta nua-aimseartha. Sroichfidh luach aschuir iomlán talmhaíochta, foraoiseachta, fheirmeoireacht ainmhithe agus iascach an chúige os cionn RMB 1.3 trilliún, beidh an luach breise os cionn RMB 690 billiún (…) tógfar cúige láidir i bpróiseáil táirgí talmhaíochta, le hioncam oibriúcháin bliantúil níos mó ná RMB 3.3 trilliún agus beidh an cóimheas idir an luach aschuir den*

([28]) Téacs iomlán den 14ú Plean Cúig Bliana ('FYP') ar Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta ar fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/ghwb/202103/t20210323_1270124.html?code=&state=123

([29]) Tá téacs iomlán an 14ú FYP ar Thionscal na nAmhábhar a Fhorbairt ar fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html

([30]) Tá téacs iomlán na dTuairimí Treorach chun Forbairt Ardchaighdeáin na dTionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán a Chur Chun Cinn le linn 14ú FYP ar fáil ag: http://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-04/08/content_5683972.htm#msdynttrid=WRmyf07ph0z74SHmXoOLKjRWl09BdZ4lGdYp9fiI9xU

([31]) Tá téacs iomlán an Fhógra 'MOA + 15 riaracháin' maidir le Roinnt Bearta Beartais chun Tacú le Forbairt Ardchaighdeáin Táirgí Talmhaíochta' Domhainphróiseáil ar fáil ag: http://www.xccys.moa.gov.cn/gzdt/201901/t20190102_6314547.htm

tionscal próiseála táirgí talmhaíochta le luach iomlán aschuir talmhaíochta os cionn 3:1; cúige a thógáil le forbairt láidir talmhaíochta, a bhfuil a líon onnmhairiúcháin de tháirgí talmhaíochta ag fás go seasta agus atá mar phríomhchúige na tíre, agus freisin roinnt contaetha agus cathracha láidre a thógáil a bheidh dírithe ar onnmhairí talmhaíochta' ([32])". Ina theannta sin, léirítear sa phlean spriocanna sonracha maidir le forbairt agus suíomh na bhfiontar amach anseo: *'comhtháthú próiseála táirgí talmhaíochta a chur chun cinn sa limistéar táirgthe agus a chinntiú go bhfuil sé comhchruinnithe sna páirceanna; fiontair phróiseála a threorú chun bailiú i mbailte lárnacha agus i sráidbhailte speisialaithe, níos mó ná 100 páirc tionscail talmhaíochta nua-aimseartha náisiúnta agus cúige agus 1 000 ceantar talmhaíochta láidir a thógáil*".

(60) Ina theannta sin, tá glúcónáit sóidiam liostaithe go sainráite i spriocanna forbartha an 14ú FYP de chuid chúige Heilongjiang ar Thionscal Próiseála Arbhair a Fhorbairt. Go sonrach, is éard atá i gceist leis an bplean braislí tionsclaíocha a chruthú i limistéir phróiseála arbhar an chúige, lena n-áirítear táirgeoirí glúcónáite sóidiam ([33]). Déanann Heilongjiang cur síos breise ar a sprioc maidir le forbairt an tionscail próiseála arbhar ar an mbealach seo a leanas: *"Tá sé ag teacht chun bheith mar bhealach tábhachtach do Chúige Heilongjiang chun forbairt an tionscail talmhaíochta a chur chun cinn é feabhas a chur ar an slabhra tionsclaíoch. De réir fhoireann na Roinne Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe i gCúige Heilongjiang, tá an 'coincheap tionscail' á chur i bhfeidhm ag Cúige Heilongjiang faoi láthair bunaithe ar 'ceann slabhra tionscail' a cheapadh, ina mbíonn, mar shampla "ceann an tslabhra tionscail arbhar" freagrach as suirbhéanna agus taighde a eagrú, as pleananna forbartha tionscail a cheapadh, as comhordú agus réiteach fadhbanna a chinntiú, as cur chun cinn infheistíochta spriocdhírithe a dhéanamh, agus as an tionscal arbhar a chothú chun bheith níos mó agus níos láidre* ([34])." Áiríodh leis an aschur atá beartaithe do 2021 3.4 milliún tona de chumas próiseála arbhar, le 1.8 milliún tona de stáirse arbhair próiseáilte. Socraíodh an sprioc maidir le luach aschuir in 2021 ag RMB 10 billiún ([35]). Tá forbairt an tionscadail tionscail glúcónáite sóidiam, a fhaigheann tacaíocht ón Stát i Heilongjiang leanúnach agus rathúil, de réir tuarascála ar láithreán gréasáin na hAireachta Talmhaíochta: "*Go dtí seo, tá infheistíocht níos mó ná RMB 6 billiún san iomlán carntha ag tionscal próiseála arbhar Chontae Qinggang, agus tá tús curtha le tógáil stáirse, […], glúcóis leachtach, glúcónáit sóidiam, ... agus sraith eile de 29 tionscadal tionsclaíochta as a chéile* ([36])".

(61) Áirítear sa chúige Jilin freisin glúcónáit sóidiam i measc na dtionscal a dtugtar tacaíocht dóibh. Sa 14úFYP ar Thionscail Straitéiseacha agus atá ag Teacht Chun Cinn do Chúige Jilin, deimhnítear an tosaíocht a thugtar don bhiththionscal: "*Feabhas a chur ar leibhéal na tionsclaíochta bithcheimiceán. Feabhas a chur ar chumas claochlaithe arbhar, próiseáil dhomhain agus ionadú amhábhar a fhorbairt go gníomhach* ([37])." Sheol cúige Jilin mórthionscadal forbartha le haghaidh glúcónáit sóidiam. Mar a fógraíodh ar shuíomh idirlín chúige Jilin: "*Fógraítear tionscadal 100 000 tona in aghaidh na bliana de ghlúcónáit sóidiam. Mar thionscal nua, tá an tionscal glúcónáite sóidiam ag forbairt go tapa. Le deich mbliana anuas, tá ráta fáis comhiomlán de bheagnach 33 %. Coinnithe ag aschur an tionscail glúcónáite sóidiam intíre. Tá an tSín tar éis éirí ina táirgeoir agus ina onnmhaireoir tábhachtach ar fud an domhain, le hacmhainneach táirgthe iomlán bliantúil de níos mó ná 600 000 tonna. Eisíodh an plean foriomlán maidir le forbairt tionscal straitéiseach atá ag teacht chun cinn sa tír, agus liostaíodh an tionscal bitheolaíoch ina measc. Le forbairt agus cur i bhfeidhm próisis nua, teicneolaíochtaí nua agus trealamh nua, osclaíodh spás nua d'fhorbairt an tionscail glúcónáite sóidiam. […] Baineann Cúige Jilin, Crios Forbartha Eacnamaíoch Lishu, leas as an mbabhta nua de bhearta náisiúnta chun éileamh intíre a spreagadh go tráthúil agus braitheann sé ar na buntáistí a bhaineann leis an bpáirc tionscail cheimiceach atá ann cheana féin sa chrios forbartha agus molann sé aschur bliantúil de 100 míle tonna de ghlúcónáit sóidiam. Leis an tionscadal, déanfar […], struchtúr tionsclaíoch an chrios forbartha eacnamaíoch a bharrfheabhsú, […], agus leathnófar an méid eacnamaíoch iomlán, a bhfuil tábhacht ollmhór, domhain, praiticiúil agus stairiúil aige chun próiseas tionsclaíochta Chontae Lishu a bhrostú. Dá bhrí sin, tá na hionchais mhargaidh don tionscadal seo dóchasach* ([38])."

([32]) Airteagal 1 d'Fhógra ar Phlean um Tógáil Cúige Talmhaíochta Láidir a Chothú do chúige Shandong (2021-2025). Tá téacs iomlán an doiciméid ar fáil ag: http://www.shandong.gov.cn/art/2021/10/28/art_107851_114919.html

([33]) 14FYP de chuid chúige Heilongjiang ar Thionscal Próiseála Arbhair a Fhorbairt, bosca 3.3. Téacs iomlán ar fáil ag: https://zwgk.hlj.gov.cn/zwgk/publicInfo/detail?id=450171

([34]) Féach ar shuíomh gréasáin na hAireachta Talmhaíochta: http://www.moa.gov.cn/xw/qg/202012/t20201207_6357665.htm

([35]) Féach ar shuíomh gréasáin na hAireachta Talmhaíochta: http://www.moa.gov.cn/xw/qg/202206/t20220614_6402372.htm

([36]) http://www.moa.gov.cn/xw/qg/202206/t20220614_6402372.htm

([37]) Airteagal 3.4. Téacs iomlán an doiciméid foilsithe ar shuíomh gréasáin rialtas Jilin: http://xxgk.jl.gov.cn/szf/gkml/202112/t20211227_8357122.html

([38]) Féach láithreán gréasáin chúige Jilin: http://www.jl.gov.cn/szfzt/tzcj/zdxm/ncpjg/201902/t20190215_5605767.html

(62) Mar is féidir a fheiceáil ó na samplaí thuas, treoraíonn Rialtas na Síne forbairt na hearnála glúcónáite sóidiam de réir réimse leathan uirlisí beartais agus treoracha agus rialaíonn sé beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála. Dá bhrí sin, baineann an tionscal glúcónáite sóidiam leas as treorú agus idirghabháil ón Rialtas maidir leis an bpríomh-amhábhar, is é sin stáirse arbhair.

(63) Mar sin, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear stáirse arbhair a tháirgeadh mar an príomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(64) Maidir le cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, san earnáil glúcónáite sóidiam dá dtagraítear thuas in aithris (40), níor léirigh an t-imscrúdú aon fhianaise nach ndéanfadh an méid sin difear do mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.

(65) Tá tionchar freisin ag saobhadh ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc, den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (41) freisin ar an earnáil glúcónáite sóidiam. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

(66) Thairis sin, níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach bhfuil an earnáil glúcónáite sóidiam faoi thionchar ag idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (41) freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(67) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú na hionchuir sin a cheannach nó conradh a dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa; féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil; agus bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus gach earnáil.

(68) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an tsaothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(69) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

(70) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn a leanas.

3.3.2. ***Tír ionadaíoch***

3.3.2.1. *Barúlacha ginearálta*

(71) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta in aghaidh an duine acu atá comhionann le hollioncam náisiúnta na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([39]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([40]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(72) Mar a mhínítear in aithris (31), d'eisigh an Coimisiún Nóta maidir le foinsí ábhartha atá le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Tugtar tuairisc leis an Nóta sin ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha. Sa Nóta cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún an Cholóim a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(73) I gcomhréir leis na critéir atá liostaithe faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, shainaithin an Coimisiún an Cholóim mar thír ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá inti agus an leibhéal atá i gceist sa tSín mar a mhol an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú. Aicmíonn an Banc Domhanda an Cholóim mar thír ar 'ioncam meánach uachtarach' ar bhonn ollioncaim náisiúnta. Ós rud é nach bhfuil an leibhéal céanna forbartha ag na Stáit Aontaithe ná ag an Aontas Eorpach agus atá ag Daon-Phoblacht na Síne, dhírigh an Coimisiún ar tháirge atá sa chatagóir chéanna agus/nó san earnáil chéanna agus atá an táirge faoi athbhreithniú agus shuigh sé go raibh táirgeadh aigéid torthaí a fhaightear go nádúrtha faoin gcatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi athbhreithniú sa Cholóim agus bhí sonraí ábhartha ar fáil go héasca.

(74) Ar deireadh, de bharr ar an easpa comhair, agus tar éis a shuí gurb í an Cholóim an t-aon tír ionadaíoch iomchuí amháin, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.3.2.2. *Conclúid*

(75) In éagmais comhair, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon an Cholóim na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an Cholóim mar an tír ionadaíoch iomchuí.

3.3.3. ***Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a bhunú***

(76) Sa Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta uile amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Luaigh an Coimisiún freisin, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Atlas Trádála Domhanda ("GTA") chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, dúirt an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó: Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ("ILO") chun costais saothair agus taraifí poiblí neamhshaofa a bhunú ó sholáthraithe leictreachais sa Cholóim.

(77) Ar deireadh, shonraigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ó tháirgeoir Colómach amháin de tháirgí ón gcatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi athbhreithniú mar atá leagtha amach in aithris (31) chun costais agus brabús G&A a shuí.

([39]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([40]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá inti, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

3.3.3.1. *Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna*

3.3.3.1.1. Tosca táirgeachta

(78) I bhfianaise na faisnéise uile ar bhonn na hiarrata agus na faisnéise a bailíodh le linn an nós imeacht, sainaithníodh na tosca táirgeachta a leanas agus a gcuid foinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta na glúcónáite sóidiam

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra sa Cholóim	Luach neamhshaofa (RMB)	Aonad tomhais
Amhábhair			
Síoróip ghlúcóis	17023010 17023020 17023090	5,72	kg
Sóid loiscneach	28151200	1,46	kg
Saothar			
Costas saothair in aghaidh na daonuaire	NA	13,41	uair an chloig
Fuinneamh			
Leictreachas	NA	0,77	Kwh

Amhábhair

(79) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur shocraigh sé i roinn 3.3.1 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

(80) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Dá bhrí sin, agus aird á thabhairt ar an gcineál imscrúdaithe seo, imscrúdú an athbhreithnithe éaga, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an d'fhéadfadh sí tarlú arís, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe de bhar an iompair intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála a mhéadú freisin dá réir sin.

([41]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar in Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh agus, in aon chás, gur sonraí diomaibhseacha a bhí sna sonraí allmhairiúcháin sin.

Saothar

(81) D'úsáid an Coimisiún staitisticí EIS chun pá na Colóime a chinneadh ([42]). Tugann siad seo eolas ar phá míosúil fostaithe san earnáil déantúsaíochta agus ar mheánuaireanta oibre sa Cholóim don tréimhse imscrúdúcháin (bliain 2021).

Leictreachas

(82) I ndáil leis an leictreachas, d'úsáid an Coimisiún an praghas a bhfuil teacht go héasca air ó Enel ([43]), an príomhsholáthróir leictreachais sa Cholóim. Soláthraíonn an fhoinse seo aon mheánphraghas amháin leictreachais in aghaidh na míosa.

3.3.3.1.2. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(83) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*". Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(84) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus toisc comhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a bheith in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir bhunaigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme ansin maidir le luach neamhshaofa chostas na monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil.

(85) D'fhonn méid réasúnta neamhshaofa a bhunú le haghaidh díola, ginearálta agus riaracháin agus brabúis, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais is déanaí a bhí ar fáil ón gcuideachta sa Cholóim a aithníodh sa Nóta mar tháirgeoir gníomhach brabúsach táirgí sa chatagóir chomhchosúil le glúcónáit sóidiam chomh maith leis an gceathrar tháirgeoir Colómach breise de tháirgí atá sa chatagóir cosúil le glúcónáit sóidiam a mhol an t-iarratasóir ina bharúlacha leis an Nóta. Úsáideadh sonraí airgeadais do na cuideachtaí seo a leanas mar a baineadh as Orbis Bureau van Dijk don bhliain airgeadais 2021: Sucroal SA, DSM Nutritional Products Colombia SA, Fonandes SAS, Nutresol SAS agus Quimica International Quintal SA.

3.3.3.2. *Ríomh an ghnáthluacha*

(86) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(87) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú maidir le húsáid gach toisce (ábhair agus saothar) chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(88) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús leis mar a shonraítear in aithrisí (84)(85). Socraíodh na forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil. Socraíodh costas díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús bunaithe ar mheánshonraí airgeadais ó chúig tháirgeoir ionadaíocha Cholómacha a dhéananntáirgí sa chatagóir chomhchosúil le glúcónáit sóidiam don bhliain 2021 mar a thuairiscítear i ráitis airgeadais na cuideachta. Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis an gcostas neamhshaofa monaraíochta:

— Is éard a bhí i bhforchostais na monaraíochta ar an iomlán ná 13 % de chostais dhíreacha na monaraíochta,

— costais díola, ghinearálta agus riaracháin eile, arbh ionann iad agus 19,44 % de Chostais na nEarraí a Díoladh de chúig tháirgeoir Cholómachaa dhéanann táirgí sa chatagóir chomhchosúil le glúcónáit sóidiam, agus

([42]) https://www.ilo.org/ilostat
([43]) www.enel.com.co

— Maidir le brabúis, arbh ionann iad agus 8,68 % den COGS mar a baineadh amach ag cúigear táirgeoirí Colómacha, de tháirgí sa chatagóir chomhchosúil le glúcónáit sóidiam, cuireadh i bhfeidhm iad ar chostais iomlána neamhshaofa na déantúsaíochta.

(89) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún meán ar gnáthluach in aghaidh an aonaid a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.4. **An praghas onnmhairiúcháin**

(90) In éagmais comhair ó táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne, cinneadh an praghas onnmhairí bunaithe ar CAL a bhaintear as Eurostat arna gceartú chuig leibhéal an *phraghais dhírigh*. Dá bhrí sin, rinneadh praghas CAL a laghdú de réir an chostais lasta mara, an chostais árachais agus an chostais iompair intíre sa tSín. Bhí costais iompair intíre na Síne agus idirnáisiúnta bunaithe ar fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú.

3.5. **Comparáid**

(91) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais dhírigh mar a shuitear thuas.

3.6. **Corrlach dumpála**

(92) Ar an mbonn seo, suíodh go raibh an corrlach dumpála suntasach (os cionn 100 %). Is é an chonclúid ar thángthas air dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL

(93) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil, má ligfear do na bearta dul in éag. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha, chomh maith le bearta cosanta trádála i margaí onnmhairiúcháin eile.

(94) Mar thoradh ar an neamhchomhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha/agus ó Rialtas na Síne, bhunaigh an Coimisiún a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, is é sin ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú, ar fhaisnéis a bhí ar fáil go héasca agus ar fhaisnéise ar bhunachar sonraí GTA.

4.1. **Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne**

(95) Sholáthair an t-iarratasóir meastacháin ar chumas táirgthe agus ar aschur glúcónáit sóidiam i nDaon-Phoblacht na Síne. Bhí na meastacháin seo bunaithe ar thuarascáil ([44]) agus dhá nuachtlitir ([45]) le KComber/CCM, soláthraí faisnéise margaidh Síneach ar fud na dtionscal talmhaíochta, ceimiceach agus eolaíochtaí beatha.

(96) Maidir le tréimhse imscrúdúcháin athbhreithnithe, measadh sa tuarascáil gur 1 306 800 tona an cumas táirgthe iomlán i nDaon-Phoblacht na Síne. Don bhliain chéanna, measadh sa tuarascáil gur 701 400 tona a bhí i gceist leis an aschur iomlán sa tSín. Tugann na meastacháin sin le tuiscint go raibh ráta úsáide acmhainneachta 54 % ann, agus acmhainneacht bhreise 605 400 tona sa bhliain sin, arb ionann é agus níos mó ná 25 oiread thomhaltas an Aontais ar an saormhargadh. Ina theannta sin, sna nuachtlitreacha tugadh fianaise ar phleananna a bhí ag trí tháirgeoir glúcónáite sóidiam le haghaidh tuilleadh méaduithe acmhainneachta, is é sin 290 000 tona in aghaidh na bliana, ó 2022 ar aghaidh ([46]).

([44]) Cumas agus Aschur Táirgeoirí Móra Glúcónáit Sóidiam agus Glúcón-Deilte-Lachtón sa tSín in 2021, a foilsíodh in Aibreán 2022.
([45]) Táirgí Arbhair Nuacht na Síne Iúil 2022; Táirgí Arbhair Nuacht na Síne Meán Fómhair 2022.
([46]) BBCA Biochemical: 60 000 tona, Shandong Fuyang Biotechnology (trí Dezhou Heyang Biotechnology): 200 000 tona, agus Tongliao Zhongyuan Biological Development: 30 000 tona.

(97) Thug an Coimisiún faoi deara, i bhfianaise príomhfheidhmeanna na glúcónáite sóidiam, go bhfuil dlúthbhaint ag éabhlóid a tomhaltais le fás an tionscail tógála. De réir phlean forbartha rialtas na Síne don tionscal tógála thar an tréimhse den 14ú FYP (2021-2025) ([47]), coimeádfaidh an tionscal sin sciar seasta (6 %) de OTI na tíre go dtí 2025. Ina theannta sin, bunaithe ar shonraí maidir le táirgeadh agus onnmhairí ó 2013 go 2021 ([48]), tá an tomhaltas intíre de ghlúcónáit sóidiam i nDaon-Phoblacht na Síne ríofa ag an gCoimisiún thar an tréimhse sin agus fuair sé amach gur mhéadaigh sé ó 527 000 go 701 400 tona, rud a léiríonn ráta fáis bhliantúil níos lú ná 3 %. Mar sin, fiú amháin faoi chásanna an-dóchasach maidir le forbairt eacnamaíoch, ní bheidh tomhaltas intíre na glúcónáite sóidiam in ann cuid mhór den acmhainneacht bhreise a tógadh sa tír a ionsú, agus ar dócha go dtiocfaidh méadú breise air. Dá bhrí sin, beidh dreasachtaí láidre ag táirgeoirí glúcónáit sóidiam na Síne chun an acmhainneacht bhreise seo a úsáid le haghaidh onnmhairí, lena n-áirítear go háirithe chuig margadh an Aontais.

(98) Ar bhonn an mhéid thuasluaite, mheas an Coimisiún sa deireadh go bhfuil acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, a d'fhéadfadh a úsáid le haghaidh onnmhairí chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag.

4.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig margaí tríú tíortha**

(99) I bhfianaise mhéid a thionscal tógála, chomh maith le tionscail eile a bhaineann úsáid as glúcónáit sóidiam, tá tábhacht dhomhanda ag baint le margadh an Aontais do ghlúcónáit sóidiam. Chuige sin, is fiú a thabhairt faoi deara, fiú leis na bearta atá i bhfeidhm, ní hamháin gur leanadh ar aghaidh le honnmhairí na Síne chuig an Aontas, ach gur tháinig méadú suntasach orthu freisin le linn na tréimhse a measadh (féach tábla 3), rud a léiríonn go bhfuil margadh an Aontais fós tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(100) Thairis sin, scrúdaigh an Coimisiún cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh a mhéadódh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a ndíolacháin onnmhairiúcháin chuig an Aontas ag praghsanna dumpáilte a thuilleadh i gcás ina gceadófaí do na bearta dul as feidhm. Dá bhrí sin scrúdaigh an Coimisiún leibhéil praghsanna na n-onnmhairí Síneacha chuig margaí tríú tíortha agus chuir sé i gcomparáid iad le leibhéil praghsanna na n-onnmhairí Síneacha chuig an Aontas.

(101) Mar phointe tosaigh, d'úsáid an Coimisiún sonraí ó bhunachar sonraí GTA, tacar sonraí atá chun tosaigh sa mhargadh maidir le sreafaí trádála domhanda ar leibhéal an chóid chórais chomhchuibhithe (cód HS). De réir GTA, le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021), chomh maith le linn na coda de 2022 a raibh sonraí ar fáil ina leith, bhí meánphraghas onnmhairí na Síne chuig an Aontas ar tháirgí a thagann faoi Chód HS 291816 i bhfad níos airde ná an meánphraghas d'onnmhairí chuig tríú tíortha. Mar sin féin, toisc go n-áirítear sa Chód HS seo freisin táirgí seachas glúcónáit sóidiam, chomhlánaigh an Coimisiún a anailís bunaithe ar fhoinsí eile.

(102) Go háirithe, sholáthair an t-iarratasóir sonraí mionsonraithe a fuarthas ó ThinkReal, comhlacht speisialaithe taighde margaidh, ar onnmhairí glúcónáit sóidiam ón tSín ([49]). De réir na sonraí seo, bhí meánphraghas (i dtéarmaí Saor Ar Bord - SAB) na n-onnmhairí glúcónáit sóidiam ón tSín chuig an Aontas idir 1 % agus 5 % níos airde i gcomparáid le meánphraghas na n-onnmhairí go tríú tíortha, le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021), chomh maith le linn na coda de 2022 a raibh sonraí ar fáil ina leith. In éagmais beart, bheadh táirgeoirí na Síne in ann onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna atá níos airde fós (i dtéarmaí SAB) i gcomparáid leis na praghsanna chuig tríú tíortha, a bheadh dumpáilte fós, áfach, i bhfianaise mhéid na gcorrlach dumpála a aimsíodh le linn an athbhreithnithe seo, agus a sciar den mhargadh san Aontas a mhéadú.

(103) Tugann sin le fios go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, a mbeadh dreasacht eacnamaíoch acu chun onnmhairí a aistriú ó thríú tíortha go margadh níos brabúsaí an Aontais ar phraghsanna dumpáilte, dá ligfí do na bearta dul i léig.

([47]) Féach: http://english.scio.gov.cn/pressroom/2022-01/26/content_78011624.htm

([48]) KComber/CCM agus ThinkReal.

([49]) Taispeántán 23 den tuarascáil fíoraithe: Staitisticí onnmhairiúcháin na Síne (gach ceann scríbe)/staitisticí onnmhairiúcháin na Síne (ceann scríbe AE 27).

4.3. **Bearta cosanta trádála i margaí onnmhairiúcháin eile**

(104) Thug an Coimisiún dá aire gur fhorchuir na Stáit Aontaithe bearta cosanta trádála in 2018 freisin, lena n-áirítear dleachtanna frithdhumpála agus dleachtanna frithchúitimh, i gcoinne allmhairí glúcónáite sóidiam ó Dhaon-Phoblacht na Síne. ([50])

(105) I bhfianaise ardleibhéal na mbeart seo, bhí sé deacair do ghlúcónáit sóidiam ó Dhaon-Phoblacht na Síne dul isteach sna Stáit Aontaithe i gcainníochtaí brí. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh margadh na Stát Aontaithe cuid mhór den acmhainneacht bhreise ar fáil a ionsú. Ina theannta sin, níl aon fhaisnéis ar fáil don Choimisiún a thugann le tuiscint go ndéanfaí na bearta sin a aisghairm go ceann i bhfad.

(106) Mar thoradh ar na bearta cosanta trádála sna Stáit Aontaithe, tá féidearthachtaí laghdaithe ag táirgeoirí ghlúcónáit sóidiam na Síne maidir le honnmhairiú. Tá ardtábhacht choibhneasta ag baint le margadh an Aontais mar sin, agus tharraingeodh sé cuid shuntasach de tháirgeadh ghlúcónáit sóidiam na Síne dá ligfí do bhearta an Aontais dul as feidhm.

4.4. **Conclúid**

(107) Agus an acmhainneacht shuntasach bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne á cur san áireamh, chomh maith leis na bearta cosanta trádála arna bhforchur ag na Stáit Aontaithe, chomh maith leis an bhfianaise ar tharraingteacht mhargadh an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcás go rachadh na bearta as feidhm, gur dócha go ngníomhóidh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an acmhainneacht bhreise agus fiú go n-atreoróidh siad onnmhairí ó thríú tíortha i dtreo mhargadh an Aontais ag praghsanna dumpáilte agus ag méideanna suntasacha.

(108) I bhfianaise a thorthaí ar leanúnachas na dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus ar fhorbairt dhóchúil na n-allmhairí dá rachadh na bearta as feidhm, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, gur mhór an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta frithdhumpála ar allmhairí ón tSín in éag.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(109) Rinne dhá tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú: Jungbunzlauer S.A. agus Roquette Italia S.p.A. Tá 100 % de tháirgeacht an Aontais ag an dá chuideachta sin agus dá bhrí sin is ionann iad agus 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(110) Toisc nár díorthaíodh na sonraí a bhain leis an measúnú díobhála ach ó dhá tháirgeoir ón Aontas, is i raonta a thugtar na figiúirí le haghaidh na hanailíse díobhála, ar chúiseanna rúndachta. Is ar na fíorshonraí a bhíonn na hinnéacsanna bunaithe, áfach, agus ní ar na raonta.

(111) Maidir le táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, suíodh go raibh sé i raon de [50 000 Chuig 61 000] tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir leis an tionscal de chuid an Aontais, amhail an iarraidh ar athbhreithniú éaga agus freagra ceistneora thionscal an Aontais.

(112) Tugadh cuairt fíoraithe ar áitreabh chomhtháirgeoir an táirge faoi athbhreithniú, Jungbunzlauer SA.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(113) Bhunaigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn mhéid díolacháin iomlán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais a fuarthas ón bhfreagra ar an gceistneoir do tháirgeoirí an Aontais agus ar bhonn mhéid iomlán na n-allmhairí atá ar fáil in Eurostat.

([50]) https://www.federalregister.gov/documents/2018/11/13/2018-24705/sodium-gluconate-gluconic-acid-and-derivative-products-from-the-peoples-republic-of-china

(114) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar seo a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Tomhaltas iomlán an Aontais (tonaí)	[36 991–44 778]	[36 113–43 716]	[38 126–46 153]	[40 222–48 690]
Innéacs	*100*	*98*	*103*	*109*
Margadh faoi chuing	[18 294–22 145]	[17 792–21 538]	[20 758–25 128]	[20 822–25 206]
Innéacs	*100*	*97*	*113*	*114*
An saormhargadh	[18 696–22 633]	[18 321–22 178]	[17 368–21 025]	[19 400–23 484]
Innéacs	*100*	*98*	*93*	*104*

Foinse: Sonraí ó thionscal an Aontais agus ó Eurostat.

(115) Léiríodh san imscrúdú go n-áirítear sciar mór den úsáid faoi chuing ag tionscal an Aontais i dtomhaltas iomlán ghlúcónáit sóidiam, eadhon na cainníochtaí a úsáideann tionscal an Aontais chun tuilleadh próiseála a dhéanamh. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an táirge faoi athbhreithniú tábhachtach freisin do tháirgí iartheachtacha Thionscal an Aontais.

(116) Tháinig méadú 4 % ar thomhaltas an Aontais ar an saormhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, tháinig laghdú de 7 % air idir 2018 agus 2020, ar tháinig laghdú 2 phointe céatadáin orthu in 2019 agus laghdú de 5 phointe céatadáin eile in 2020, bliain na paindéime. Tháinig sé ar ais ó 2020 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe le 11 phointe céatadáin, de réir mar a thosaigh tionscail úsáideora ag téarnamh ón gcor chun donais eacnamaíoch a tharla de bharr na paindéime.

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. ***Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann***

(117) In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, bhunaigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn staidrimh allmhairiúcháin Eurostat.

(118) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ón tSín isteach san Aontas:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Méid na n-allmhairí ón tSín (tonaí)	[873 – 1 057]	[1 296 - 1 569]	[1 526 - 1 847]	[1 516 - 1 835]
Innéacs	*100*	*149*	*175*	*174*
Sciar den mhargadh (%)	[3 – 7]	[5 – 9]	[7 – 12]	[6 – 10]
Innéacs	*100*	*152*	*188*	*167*

Foinse: Eurostat.

(119) Thar na tréimhse a breathnaíodh, tháinig méadú 74 % ar líon iomlán allmhairí na Síne. Tháinig méadú 75 % air ar dtús idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig laghdú beag 1 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léiríonn an fhorbairt seo gurb é malairt na treochta a bhí ann ó thaobh thomhaltas an Aontais a bhí i gceist ó thaobh allmhairí na Síne. D'fhás sciar de mhargadh na Síne 88 % ó 2018 go 2020 agus tháinig laghdú 11 % air ó 2020 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'éirigh le honnmhaireoirí na Síne a sciar den mhargadh a mhéadú go mór ó 2018 go 2020 i margadh a bhí ag dul i laghad, ach níor mhéadaigh siad a sciar den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nuair a théarnaigh tomhaltas an Aontais. Ar an iomlán, tháinig méadú mór ar an sciar den mhargadh a bhí ag onnmhaireoirí na Síne thar an tréimhse faoi bhreathnú chun aimhleasa thionscal an Aontais.

5.4. **Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais**

(120) Shuigh an Coimisiún treocht praghsanna allmhairí na Síne ar bhonn staidrimh allmhairiúcháin Eurostat.

(121) Is mar seo a leanas a d'fhorbair meánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 4

Praghas allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín	[578 – 700]	[590 – 714]	[580 – 702]	[817 – 990]
Innéacs	*100*	*102*	*100*	*141*

Foinse: Eurostat.

(122) Bhí meánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne sách cobhsaí go dtí 2020 agus ansin tháinig méadú suntasach de 41 % orthu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, os cionn meánleibhéal praghsanna thionscal an Aontais, mar a léirítear i dTábla 9 thíos.

(123) In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, bhí an Coimisiún ag brath ar fhaisnéis a bhí ar fáil dó a d'fhéadfadh an fhorbairt seo a mhíniú. Meabhraítear, gurb ían bhliain 2020, an tríú bliain den tréimhse faoi bhreathnú san imscrúdú reatha, an bhliain chéanna inar thosaigh na ghéarchéime sláintíocht COVID-19, rud a chuir isteach ar na slabhraí ceannacháin agus soláthair ar fud an domhain. Bunaithe ar aighneachtaí ó thionscal an Aontais agus ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí, bhí costais níos airde sa tSín mar thoradh ar na srianta móra sláintíochta atá i bhfeidhm ó 2020 i leith, go háirithe maidir le hamhábhair, fuinneamh agus iompar in 2021. Tháinig méadú idir 50 % agus 70 % ar phraghas an t-arbhar sa tSín idir 2018 agus 2021 ([51]), agus d'fhéadfadh an t-ardú ar chostais iompair méadú ar phraghas onnmhairiúcháin ghlúcónáit sóidiam idir 2020 agus 2021 a mhíniú ([52]).

(124) I bhfianaise an easpa comhair, ní raibh faisnéis ag an gCoimisiún maidir leis an meascán táirgí a onnmhairíodh ón tSín chuig an Aontas, nó maidir leis an gcineál custaiméirí a d'allmhairigh an táirge lena mbaineann. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach toisc gur léiríodh leis an imscrúdú go bhfuil difríochtaí suntasacha praghais i measc cineálacha táirgí, ag brath ar an gcur i bhfeidhm. Léiríodh leis na sonraí fíoraithe atá ar fáil go bhféadfadh praghsanna ghlúcónáit sóidiam atá beartaithe do na hearnálacha bia agus cógaisíochta a bheith suas le 37 % níos airde ná na cineálacha atá beartaithe de chur i bhfeidhm eile, amhail tógáil.

(125) Léiríodh leis an bhfaisnéis a bailíodh le linn an imscrúdaithe freisin, cé go raibh onnmhaireoirí na Síne ag díol ar an láthair, go raibh tionscal an Aontais ag díol glúcónáit sóidiam bunaithe ar chonarthaí bliantúla go príomha. Ciallaíonn sé seo go ndearnadh an chuid is mó de na díolacháin ar phraghsanna seasta nach bhféadfaí a mhéadú. De réir thionscal an Aontais, is minic a dhéantar comhaontuithe díolacháin le honnmhaireoirí na Síne ar an láthair nó ar bhonn gearrthéarmach. Dá bhrí sin tá a gcuid praghsanna ag léiriú imthosca margaidh gan coinne láithreach, amhail méaduithe ar amhábhar agus costais iompair.

([51]) Féach aighneacht Jungbunzlauer "Taispeántán 23"
([52]) Féach aighneacht Jungbunzlauer "Taispeántán 23"

(126) Bunaithe ar an bhfaisnéis theoranta neamhfhíoraithe atá ar fáil maidir le hallmhairí na Síne, scrúdaigh an Coimisiún an sladghearradh praghais a d'fhéadfadh a bheith ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe trí chomparáid a dhéanamh idir:

(a) an meánphraghas díola ualaithe i gcás táirgeora fíoraithe an Aontais, praghas a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais agus arna shocrú ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha; agus

(b) meánphraghas ualaithe na n-allmhairí ón tSín ar leibhéal costais, árachais, lastais (CAL) de réir staidreamh allmhairiúcháin Eurostat, le coigeartuithe iomchuí maidir le dleachtanna frithdhumpála agus custaim.

(127) Sa chomparáid seo, léiríodh nach raibh aon sladghearradh ag allmhairí na Síne ar mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, fiú nuair nach gcuirtear dleachtanna frithdhumpála san áireamh.

(128) Tá an chomparáid seo bunaithe ar mheascán táirge anaithnid de tháirgí na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, eadhon ar shonraí praghais, nach raibh sonraí ar fáil agus nach bhféadfaí a fhíorú mar sin.

(129) Rinne an Coimisiún scrúdú níos mine ansin ar na cineálacha táirgí a tháirgeann agus a dhíol tionscal an Aontais agus fuair sé amach go ndearnadh thart ar 30 % dá dhíolachán ar phraghsanna a bhí idir 8 % agus 14 % os cionn mheánphraghas na Síne. I bhfianaise easpa comhair ó onnmhaireoirí na Síne, níl aon fhaisnéis fhíoraithe ag an gCoimisiún maidir leis na cineálacha táirgí a dhíolann onnmhaireoirí na Síne agus mar sin ní féidir leis a chinneadh go bhfuil brí leis an gcomparáid a rinneadh in aithris (126).

(130) Chuir tionscal an Aontais faisnéis ar fáil ina dtaispeántar go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an gcostas iompair ón tSín go dtí an tAontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ag sroicheadh idir EUR 210 agus EUR 250 in aghaidh an tonna. Bheadh an méadú costais shealadach seo, gan amhras, an príomhfhachtóir a mhíníonn an praghas onnmhairiúcháin réasúnta ard atá ar ghlúcónáit sóidiam na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Agus an meánchostas iompair os cionn an mheáin á chur san áireamh, bheadh an praghas iar-oibreacha ar ghlúcónáit sóidiam na Síne a onnmhairíodh chuig an Aontas thart ar €600 in aghaidh an tonna, is é sin idir 20 % agus 30 % níos ísle ná praghas díreach ón monarcha de thionscal an Aontais.

(131) Bhailigh an Coimisiún faisnéis a bhí ar fáil go poiblí freisin ([53]) rud a thug le tuiscint gur tháinig laghdú de 5,4 % ar aschur príomhtháirgeoirí na Síne. San am céanna, bhí praghas stáirse arbhar, an príomh-amhábhar a úsáidtear chun glúcónáit sóidiam a tháirgeadh, ag dul i méid in 2021. De réir na foinse poiblí céanna, b'ionann an praghas díreach ón monarcha de ghlúcónáit sóidiam na Síne in 2021 agus EUR 560/tonna ar an meán. Tá an praghas seo idir 25 % go 35 % faoi bhun phraghas díreach ón monarcha de Thionscal an Aontais agus deimhnítear leis go bhfuil leibhéal praghsanna na Síne a breathnaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go príomha mar gheall ar an méadú sealadach ar chostais iompair.

(132) Bunaithe ar fhoinse phoiblí eile ([54]), measadh gur b'ionann an meánchostas iompair ón tSín chuig an Aontas in 2021 agus thart ar EUR 130–170/tona, is é sin 3 uaire an chostais in 2020. Dá gcuirfí meánchostais iompair leis an meánphraghas díreach ón monarcha do ghlúcónáit sóidiam Síneach uile, bheadh meánphraghas easpórtála tógtha ag thart ar €700/tona. Baineann an praghas seo le gach cineál ghlúcónáit sóidiam a tháirgtear sa tSín.

(133) Dá ndéanfaí comparáid idir praghsanna ar an mbonn sin bheadh sladghearradh de 9 % de láimhdeachas tionscail an Aontais ar an meán, nuair nach gcuirtear dleachtanna frithdhumpála san áireamh.

([53]) Sodium Gluconate and Glucono Delta-Lactone's Major Producers Capacity and Output in China in 2021 (marketresearch.com) https://www.marketresearch.com/CCM-International-Limited-v3539/Sodium-Gluconate-Glucono-Delta-Lactone-32039947/#:~:text = In%202017 %E2 %80 %932021 %2C%20the%20output%20of%20sodium%20gluconate%20in,which%20was%205.44 %25 % 20lower%20than%20that%20of%202020.

([54]) Innéacs ráta lasta coimeádán ón tSín chuig an Eoraip | Statista
Costais loingseoireacht méadaithe faoi cheathair ag an ráta is airde a thaifeadadh ar 'scrogall' na Síne-na hEorpa | Financial Times (ft. com)

5.5. **Allmhairí ó thríú tíortha nach an tSín iad**

(134) Mar a luadh in aithris (31) déantar glúcónáit sóidiam a tháirgeadh sa tSín, sna Stáit Aontaithe agus san Aontas. Bhí allmhairí glúcónáit sóidiam ó thríú tíortha seachas an tSín diomaibhseach (i bhfad faoi bhun 1 % de thomhaltas an Aontais) le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Meastar dá bhrí sin nach raibh aon tionchar ábhartha ag na hallmhairí sin ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse a measadh. Ar an gcúis sin, ní dhearna an Coimisiún tuilleadh meastóireachta ar na hallmhairí sin ina anailís díobhála.

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
An chuid eile den domhan	Méid (tonaí)	[3 – 4]	[1 – 2]	[6 – 7]	[5 – 6]
	Innéacs	*100*	*54*	*186*	*146*

Foinse: Eurostat.

5.6. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.6.1. ***Barúlacha ginearálta***

(135) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(136) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de dhá tháirgeoir. Chomhoibrigh an táirgeoir is mó (an t-iarratasóir) go hiomlán tríd an gceistneoir táirgeora de chuid an Aontais a líonadh agus na sonraí go léir is gá don anailís díobhála a sholáthar. Chuir an dá tháirgeoir an fhaisnéis ar fáil, agus bhíothas in ann na táscairí díobhála maicreacnamaíocha a shuí dá bharr. Níor thug an táirgeoir níos lú freagra ar cheistneoir táirgeora an Aontais.

(137) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Bunaíodh na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí san iarraidh ar athbhreithniú, sa fhreagra ceistneora fíoraithe ó tháirgeoir an Aontais chomhoibríoch, agus ar bhonn sonraí a chuir an táirgeoir is lú de chuid an Aontais ar fáil. Cumhdaíodh leis sin na sonraí maicreacnamaíocha a bhaineann leis an dá tháirgeoir de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíochta ar bhonn sonraí sa fhreagra ceistneora fíoraithe den táirgeoir Aontais chomhoibríoch. Aimsítear go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(138) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(139) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

5.6.2. ***Táscairí maicreacnamaíocha***

5.6.2.1. *Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta*

(140) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 6 A

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta an Aontais

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
An méid táirgeachta (tonaí)	[47 169–57 099]	[46 207–55 935]	[47 376–57 350]	[50 049–60 586]
Innéacs	*100*	*98*	*100*	*106*
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[55 765–67 505]	[55 765–67 505]	[55 765–67 505]	[55 765–67 505]
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*
Úsáid acmhainne (%)	[80–97]	[79–95]	[81–98]	[85–100]
Innéacs	*100*	*98*	*100*	*106*

Foinse: Sonraí arna soláthar ag tionscal an Aontais.

(141) Tháinig méadú de 6 % ar tháirgeadh ghlúcónáit sóidiam le linn na tréimhse a measadh, go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léiríodh san imscrúdú gurb iad na príomhchúiseanna leis an méadú seo ná an méadú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin (+ 18 %) agus úsáid faoi chuing níos airde (+ 14 %) le haghaidh táirgí iartheachtacha sa tréimhse sin.

(142) Leis an treocht dhearfach seo sa táirgeadh, ceadaíodh do thionscal an Aontais barainneachtaí scála a bhaint amach le húsáid níos airde á baint as acmhainneacht táirgeachta agus costais áirithe a laghdú, go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(143) Mar atá thuasluaite, taispeántar sa tábla thíos go bhfuil an sciar den táirgeadh atá beartaithe le húsáid faoi chuing thábhachtach agus gurb ionann é agus thart ar 35 % go 45 % den táirgeacht iomlán. Tháinig méadú de 14 % ar an sciar sin agus bhí sé fós tábhachtach do Thionscal an Aontais le linn na tréimhse a measadh. Úsáideann an dá tháirgeoir atá comhdhéanta de thionscal an Aontais glúcónáit sóidiam le haghaidh táirgí iartheachtacha. Ciallaíonn sé seo go bhfuil táirgeadh glúcónáite sóidiam an-tábhachtach don ghníomhaíocht iomlán agus do mharthanacht thionscal an Aontais sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

(144) Níor tháinig athrú ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Léirítear sa tábla thíos gur tharla an méadú ar úsáid acmhainneachta go príomha mar gheall ar éileamh méadaithe ar na margaí onnmhairiúcháin agus gníomhaíochtaí iartheachtacha. D'fhan díolacháin ar mhargadh an Aontais chobhsaí den chuid is mó le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 6 B

Táirgeadh an Aontais atá beartaithe d'úsáid faoi chuing

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
An méid táirgeachta (tonaí)	[18 294–22 145]	[17 792–21 538]	[20 758–25 128]	[20 822–25 206]
Innéacs	*100*	*97*	*113*	*114*

Foinse: Sonraí arna soláthar ag tionscal an Aontais.

(145) Is ionann an táirgeadh atá beartaithe le haghaidh úsáide faoi chuing agus sciar mór de tháirgeadh agus de ghníomhaíocht thionscal an Aontais. Mhéadaigh an t-éileamh inmheánach ar ghlúcónáit sóidiam go háirithe in 2020 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar a luadh in aithris (141), tugadh deis leis seo do thionscal an Aontais barainneachtaí scála a bhaint amach agus costais a laghdú.

5.6.2.2. *An méid díolachán agus an sciar den mhargadh*

(146) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 7

Méid dhíolacháin an Aontais agus an sciar de mhargadh an Aontais

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[17 896–21 664]	[17 114–20 717]	[15 908–19 256]	[18 128–21 944]
Innéacs	*100*	*96*	*89*	*101*
Sciar den mhargadh (%)	[93 – 97]	[91 – 95]	[88 – 93]	[90 – 94]
Innéacs	*100*	*97*	*96*	*97*

Foinse: Sonraí arna soláthar ag tionscal an Aontais.

(147) Tháinig méadú beag de 1 % ar dhíolacháin glúcónáite sóidiam ar an saormhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú de 11 % ar líon na ndíolachán suas go dtí 2020, a gnóthaíodh ansin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(148) Cé go raibh margadh an Aontais ag fás, chaill tionscal an Aontais 3 phointe céatadáin de sciar den mhargadh d'allmhairí na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí caillteanas an sciar den mhargadh thar a bheith suntasach idir 2018 agus 2020 (4 phointe céatadáin) agus níorbh fhéidir é a ghnóthú i dtéarnamh an tsaormhargaidh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin féin, d'fhan sciar den mhargadh de thionscal an Aontais i bhfad faoi bhun an leibhéil ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

5.6.2.3. *Fás*

(149) Léiríodh san imscrúdú, ar thaobh amháin, gur tháinig forbairt dhearfach ar tháscairí áirithe toirte amhail táirgeadh (+ 6 %) agus ag an am céanna, fostaíocht (+ 4 %), go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an taobh eile, fiú má tháinig méadú beag ar dhíolacháin sa saormhargadh agus gur fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí, chaill tionscal an Aontais 3 phointe céatadáin de sciar den mhargadh d'allmhairí ón tSín agus b'éigean a infheistíochtaí a laghdú níos mó ná 50 % thar an tréimhse faoi bhreathnú.

(150) Meabhraítear gur tháinig forbairt dhearfach ar tháirgeadh mar gheall ar éileamh níos airde ar na margaí onnmhairiúcháin agus ar tháirgí iartheachtacha thionscal an Aontais. In ainneoin na mbeart i bhfeidhm agus méadú de 4 % ar thomhaltas an tsaormhargaidh, ní fhéadfadh tionscal an Aontais ach a dhíolacháin ar mhargadh an Aontais a mhéadú faoi 1 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.6.2.4. *Fostaíocht agus táirgiúlacht*

(151) Tháinig forbairt ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 8

Fostaíocht agus táirgiúlacht san Aontas

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Líon na bhfostaithe	[48 – 59]	[49 – 60]	[50 – 61]	[50 – 61]
Innéacs	*100*	*102*	*104*	*104*

Táirgiúlacht (tona/coibhéis lánaimseartha)	[926 – 1 121]	[892 – 1 079]	[898 – 1 087]	[948 – 1 148]
Innéacs	*100*	*96*	*97*	*102*

Foinse: Sonraí arna soláthar ag tionscal an Aontais.

(152) Tháinig méadú de 4 % ar líon na bhfostaithe i dtionscal an Aontais suas go dtí 2020 agus d'éirigh sé cobhsaí ansin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar thoradh ar an laghdú ar tháirgeacht agus ar an méadú ar fhostaíocht in 2019, tháinig laghdú sealadach ar tháirgiúlacht an bhliain sin. Tháinig feabhas air in 2020 agus go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomhréir le táirgeacht a bheith ag dul i méid.

5.6.2.5. *Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe seo*

(153) Bhí na corrlaigh dumpála bunaidh idir 5,6 % agus 79,2 %. Léiríodh san imscrúdú go raibh praghsanna na Síne an-íseal ó 2018 go 2020. Ar an meán bhí siad 15 % go 25 % níos ísle ná na praghsanna a ghearr tionscal an Aontais ar a chustaiméirí san Aontas sa tréimhse chéanna. Níor lig an staid sin do thionscal an Aontais teacht chucu féin ó dhumpáil a bhí ann roimhe seo. Bhí brabúsacht diúltach nó gar do mheá ar mheá agus laghdaíodh infheistíochtaí go suntasach. Léirítear leis an anailís ar na táscairí díobhála go raibh tionchar fós ag dumpáil dhíobhálacha a rinneadh suas go dtí 2020 ar thionscal an Aontais. Ní raibh tionchar dearfach ag na bearta atá i bhfeidhm ach ó thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(154) Ba shuntasach an corrlach dumpála a suíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.6.3. ***Táscairí micreacnamaíocha***

5.6.3.1. *Praghsanna agus fachtóirí lena ndéantar difear do phraghsanna*

(155) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna aonaid díola ualaithe de Thionscail an Aontais do chustaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse i gceist:

Tábla 9 –

Praghsanna díola san Aontas agus costas táirgthe aonaid

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/tona)	[685 – 829]	[722 – 875]	[712 – 862]	[719 – 870]
Innéacs	*100*	*105*	*104*	*105*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[695 – 841]	[735 – 890]	[702 – 850]	[668 – 809]
Innéacs	*100*	*106*	*101*	*96*

Foinse: Sonraí fioraithe arna soláthar ag táirgeoir comhoibríoch an Aontais.

(156) I dtionscal an Aontais tugtar conarthaí bliantúla, dhá bhliain i gcásanna áirithe, i gcrích lena chustaiméirí. Léiríodh san imscrúdú gur tháinig méadú 5 % ar an meánphraghas díolacháin a bunaíodh ar bhonn praghas díreach ón monarcha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an príomh-ardú praghais in 2019 mar fhreagra ar mhéadú comhchosúil ar chostais. Ina dhiaidh sin, d'fhan praghsanna cobhsaí den chuid is mó suas go dtí deireadh tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(157) Tháinig méadú 6 % ar an gcostas táirgthe in aghaidh an aonaid in 2019, ag an am céanna le laghdú ar tháirgeadh (-2 %) agus ar líon na ndíolachán ar an saormhargadh (-4 %). Ina dhiaidh sin, tháinig laghdú de 9 % ar an gcostas táirgthe in aghaidh an aonaid idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, tháinig laghdú de 4 % ar an gcostas táirgthe in aghaidh an aonaid le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an laghdú mar gheall ar laghdú ar chostais dhíreacha áirithe agus ar chostais díola, ginearálta agus riaracháin.

5.6.3.2. *Costais saothair*

(158) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10 —

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR/FTE)	[82 630–100 026]	[71 828–86 950]	[71 910–87 049]	[80 332–97 244]
Innéacs	*100*	*87*	*87*	*97*

Foinse: Sonraí fioraithe arna soláthar ag táirgeoir comhoibríoch an Aontais.

(159) Tháinig laghdú 3 % ar mheánchostais saothair le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar aon nós, ós rud é nach ionann an tsaothair agus ach cuid bheag den chostas táirgthe, níor cheart é sin a mheas mar thráscaire fiúntach san anailís ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

5.6.3.3. *Fardail*

(160) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar na leibhéil stoic a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Stoic dheiridh (tona)	[1 784 – 2 160]	[2 148 – 2 601]	[1 959 – 2 371]	[1 596 – 1 932]
Innéacs	*100*	*120*	*110*	*89*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	4	5	4	3
Innéacs	*100*	*123*	*109*	*84*

Foinse: Sonraí fioraithe arna soláthar ag táirgeoir comhoibríoch an Aontais.

(161) Mhéadaigh leibhéal na bhfardal idir 2018 agus 2019 (+ 20 %) agus ansin léiríodh laghdú (-26 %) idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, tháinig laghdú de 11 % ar an leibhéal fardail le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá sé léirithe ag an imscrúdú go bhfuil táirgeadh ghlúcónáit sóidiam beartaithe le húsáid faoi chuing ag tionscal an Aontais agus ag díolachán sa saormhargadh. Tá sé léirithe ag tionscal an Aontais go bhféadfadh sé a bheith solúbtha chun freastal ar a chustaiméirí agus ar a riachtanais inmheánacha agus go bhfuil sé ag táirgeadh go príomha ar orduithe don saormhargadh. Mar sin d'fhéadfaí leibhéal na stoc a choinneáil ar íosleibhéal (3-5 % den táirgeacht).

5.6.3.4. *Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a ardú*

(162) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Brabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021)
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[- 10 – -1]	[- 11 – -1]	[0 – + 10]	[5 – + 20]
Innéacs	*- 100*	*- 104*	*34*	*293*
An sreabhadh airgid (EUR)	[- 1 001 175 - -185 632]	[- 591 908 - -111 256]	[571 495 – 691 810]	[1 064 837 – 1 289 013]
Innéacs	*- 100*	*- 23*	*142*	*265*
Infheistíochtaí (EUR)	[282 981 – 342 556]	[140 951 – 170 624]	[158 832 – 192 271]	[116 361 – 140 858]
Innéacs	*100*	*50*	*56*	*41*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[- 30 – -37]	[- 21 – -25]	[- 11 – -14]	[12 – 16]
Innéacs	*- 100*	*- 68*	*- 39*	*42*

Foinse: Sonraí fioraithe arna soláthar ag táirgeoir comhoibríoch an Aontais.

(163) Shuigh an Coimisiún brabúsacht thionscal an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(164) Bhain caillteanas do thionscal an Aontais le linn an chéad dá bhliain den tréimhse faoi bhreathnú agus d'éirigh sé beagán brabúsach in 2020. Tháinig feabhas breise ar bhrabúsacht le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ach d'fhan sé fós faoi bhun an spriocbhrabúis a úsáideadh san imscrúdú bunaidh. Ba é ba chúis leis an bhfeabhsú ar an mbrabúsacht in 2020 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go príomha ná costais dhíreacha níos ísle, téarnamh i méid na táirgeachta agus costais níos ísle díola, ginearálta agus riaracháin. Bhí tionscal an Aontais in ann barainneachtaí scála a bhaint amach trína tháirgeadh a mhéadú agus costais a laghdú, go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léirítear leis seo go bhfuil tionscal an Aontais, atá fós i staid leochaileach, in ann téarnamh tuilleadh i margadh atá á rialú ag dálaí éifeachtacha iomaíochta.

(165) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bunaíodh é ar bhonn ghníomhaíocht díolacháin glúcónáite sóidiam iomlán thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí sé diúltach in 2018 agus 2019 agus d'éirigh sé dearfach in 2020 agus feabhsaíodh tuilleadh é le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ag teacht leis an téarnamh i mbrabúsacht. Ba cheart forbairt den sórt sin a chothú sa mheántéarma chun éifeachtaí dearfacha marthanacha a chruthú ar thionscal an Aontais.

(166) Bunaítear an toradh ar infheistíochtaí ar bhonn an bhrabúis ó dhíolacháin uile an táirge faoi athbhreithniú i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí. Mar a mhínítear in aithris (155), bhí praghsanna díolacháin sách cobhsaí agus in aithris (163), d'fhéadfaí costais a laghdú idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ba é an toradh a bhí air sin ná brabúsacht a ghnóthú as díolacháin a rinneadh le custaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais agus d'fhág sé gur tháinig forbairt dhearfach ar an táscaire seo le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(167) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú suntasach idir 50 % agus 60 %.ar infheistíochtaí thionscal an Aontais ina ghníomhaíochtaí glúcónáite sóidiam. Choinnigh tionscal an Aontais instealladh caipitil úr chomh híseal agus is féidir trína leibhéal infheistíochta a ísliú go méideanna beagnach diomaibhseach. Mar sin, níorbh fhéidir anailís a dhéanamh ar an gcumas caipiteal a chruinniú agus ní fhéadfaí aon chonclúid a bhaint amach. Mar sin féin, is léir nach bhféadfadh leibhéal infheistíochta chomh híseal sin leanúnachas táirgeachta a áirithiú sa mheántéarma.

5.7. **Conclúid faoi dhíobháil**

(168) Léiríodh san imscrúdú gur éirigh le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a méid allmhairí agus a sciar den mhargadh a mhéadú, rud a d'fhás go suntasach le 45 % in 2019 agus 30 % eile in 2020. Sa tréimhse sin, fuarthas amach go raibh meánphraghas allmhairiúcháin na Síne idir 15 % agus 25 % faoi bhun phraghas thionscal an Aontais. D'éirigh le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an sciar den mhargadh seo a choinneáil in ainneoin meánphraghas allmhairiúcháin níos airde le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I bhfianaise an easpa comhair ó onnmhaireoirí na Síne agus nach bhfuil sonraí praghais ábhartha ar fáil, mar an meascán táirgí chun comparáid phraghais fónta a dhéanamh, níorbh fhéidir aon chonclúid iontaofa a bhaint as sladghearradh praghais.

(169) Tháinig forbairt dhiúltach ar mhéid díolacháin thionscal an Aontais agus ar sciar den mhargadh le linn na chéad trí bliana den tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an laghdú ar líon na ndíolachán (-4 %) níos suntasaí ná an laghdú ar thomhaltas (-2 %) in 2019 agus tháinig laghdú de 7 % ar dhíolacháin arís in 2020. Idir 2018 agus 2019, d'fhan an táirgeacht cobhsaí den chuid is mó ach tháinig méadú suntasach ar fhardail (suas le 20 %) de bharr díolacháin laghdaithe. Bhí an bhrabúsacht dhiúltach ach d'éirigh sí beagán brabúsach sa deireadh in 2020. Idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'éirigh le tionscal an Aontais a mhéid díolacháin a mhéadú (+ 12 %) agus a sciar den mhargadh (+ 1 %). D'éirigh leis freisin a chostas táirgthe a laghdú chun brabúsacht a fheabhsú tuilleadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(170) Ag an am céanna, léiríodh san imscrúdú nár bhain tionscal an Aontais leas iomlán as fás an mhargaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur tháinig méadú 4 % ar thomhaltas sa saormhargadh, tháinig méadú beag de 1 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais agus mar sin cailleadh 3 phointe céatadáin den sciar den mhargadh.

(171) Mar achoimre, léiríodh san imscrúdú gur tháinig forbairt dhearfach ar tháscairí díobhála amhail táirgeacht, úsáid acmhainneachta agus fostaíocht, mar aon le táscairí airgeadais amhail brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí, go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí brabúsacht agus sreabhadh airgid dearfach ó 2020 ar aghaidh, agus d'éirigh an toradh ar infheistíochtaí dearfach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(172) Ar bhonn an mhéid thuasluaite, ba é conclúid an Choimisiúin go bhfuil tús curtha ag tionscal an Aontais le téarnamh ó dhumpáil dhíobhálach roimhe seo agus nár bhain díobháil ábhartha dó de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin féin meastar, fiú má léiríodh leis na forbairtí is déanaí ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais comharthaí téarnaimh, go bhfuil an tionscal fós i staid leochaileach.

6. **AN DÓCHÚLACHT GO gCUIRFÍ TÚS LE DÍOBHÁIL ARÍS**

(173) Léiríodh san imscrúdú gur tháinig allmhairí na Síne isteach ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus go raibh an dóchúlacht ann go leanfadh an dumpáil dá gceadófaí do bhearta dul as feidhm.

(174) Ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (172) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh na hallmhairí dumpáilte ón Sín ba chúis léi dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

(175) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, na praghasleibhéil is dócha a bheidh ann i leith allmhairí ón tSín in éagmais bearta frithdhumpála agus an tionchar a bheadh acu ar thionscal an Aontais, agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

(176) Mar a leagtar amach in aithrisí (95) go (98) thuas, tá acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise shuntasach sa tSín chun onnmhairí chuig margadh an Aontais a mhéadú go pras i gcás ina ligfear do na bearta frithdhumpála dul in éag. Mar a bunaíodh in aithris (96), i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí acmhainneacht de thart ar 1 300 000 tona ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, arb ionann é agus níos mó ná 50 uair tomhaltas an Aontais ar an saormhargadh. Bunaithe ar shonraí arna soláthar ag tionscal an Aontais, méadófar go suntasach an acmhainneacht sin sna blianta atá romhainn. Níor cheistigh páirtí ar bith eile na sonraí seo ná níor sholáthair siad aon ghné eile ina leith seo.

(177) Le sonraí a fhaightear go poiblí ([55]) deimhnítear gur mhéadaigh aschur glúcónáite sóidiam sa tSín i gcomparáid le blianta roimhe sin den tréimhse faoi bhreathnú agus go raibh sé ag 701 400 tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ciallaíonn sé seo gur b'ionann an úsáid acmhainneachta agus thart ar 54 % agus go raibh barrachas acmhainneachta thart ar 600 000 tona sa tréimhse sin. Tá sé seo os cionn 25 uair níos mó ná tomhaltas an Aontais ar an saormhargadh.

(178) Cé go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar thomhaltas glúcónáit sóidiam sna blianta atá romhainn, tá an úsáid íseal acmhainneachta mar thaca le héileamh thionscal an Aontais go bhfuil acmhainneacht na Síne i bhfad níos mó ná na riachtanais inmheánacha. Ní fhéadtar an acmhainneacht bhreise sa tSín a ionsú margadh na Síne, agus aon ionchas réasúnach dá fhás á chur san áireamh. Dá bhrí sin, tá dreasachtaí láidre ann do tháirgeoirí Síneacha onnmhairiú, go háirithe chuig margadh an Aontais, agus tuilleadh fós má ligtear do na bearta dul as feidhm.

(179) De réir thionscal an Aontais, dreasacht chun leanúint den onnmhairiú ar phraghsanna dumpáilte is ea barrachas ar acmhainneacht táirgthe. Is léir nach mór d'onnmhaireoirí na Síne leas a bhaint as na féidearthachtaí go léir atá ann cheana féin chun táirgeadh a mhéadú chun leas iomlán a bhaint as na hinfheistíochtaí suntasacha a rinne siad in acmhainneacht suiteáilte. Is é an bealach is soiléire ná dul i bhfód ar aon mhargadh oscailte ar fud an domhain agus ar phraghsanna dumpáilte mar atá fós san imscrúdú reatha. Ag cur san áireamh an laghdú ar chostas iompair in 2022 ([56]) agus an leibhéal praghsanna a bhfuiltear ag súil leis san Aontas, is beag an seans go n-ardódh allmhairí glúcónáite sóidiam na Síne go cainníochtaí móra ar phraghsanna dumpáilte i margadh an Aontais má ligtear do na bearta dul as feidhm.

(180) Léiríodh san imscrúdú go raibh meánphraghas glúcónáite sóidiam na Síne chuig an Aontas Eorpach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níos airde ná an meánphraghas onnmhairiúcháin a ghearr onnmhaireoirí na Síne chuig cinn scríbe eile, féach aithris (101). Dá ndéanfaí glúcónáit sóidiam a onnmhairiú chuig an Aontas má ligtear do na bearta cosanta trádála dul as feidhm, bhainfí ciall eacnamaíoch leis, go háirithe ós rud é go bhfuil acmhainneacht táirgthe mhór ar fáil ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus go bhféadfadh siad a dtáirgeadh a mhéadú go héasca fiú gan an méid díolacháin a atreorú (nach bhfuil chomh tarraingteach ó thaobh an gheilleagair) chuig an Aontas Eorpach.

(181) Mar fhocal scoir, mheabhraigh tionscal an Aontais gur bhunaigh na Stáit Aontaithe, an t-aon tír le táirgeadh glúcónáit sóidiam seachas an tSín agus an tAontas, go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a dhéanann glúcónáit sóidiam ag díol ar phraghsanna dumpáilte ina margadh. Ag an am céanna, fuarthas go raibh na táirgeoirí sin ag baint leasa as fóirdheontais phoiblí a spreagann onnmhairí. Mar a mhínítear in aithris (105), cuireann na bearta cosanta trádála atá i bhfeidhm sna Stáit Aontaithe teorainn éifeachtach ar iontráil glúcónáite sóidiam na Síne sa mhargadh sin.

(182) Sa chuid eile den domhan, tá táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i gceannas ar sholáthar glúcónáite sóidiam. De réir sonraí a sholáthraíonn tionscal an Aontais, tá sciar den mhargadh ceannasach ag monaróirí na Síne san Afraic (os cionn 90 % in 2021), sa Mheánoirthear thuas (99 %) agus i dtíortha san Eoraip nach baill den Aontas iad (beagnach 80 %) ([57]).

([55]) Sodium Gluconate and Glucono Delta-Lactone's Major Producers Capacity and Output in China in 2021 (marketresearch.com) https://www.marketresearch.com/CCM-International-Limited-v3539/Sodium-Gluconate-Glucono-Delta-Lactone-32039947/#:~:text = In%202017 %E2 %80 %932021 %2C%20the%20output%20of%20sodium%20gluconate%20in,which%20was%205.44 %25 % 20lower%20than%20that%20of%202020.

([56]) Féach leathanach 4 den leagan oscailte d'aighneacht Jungbunzlauer 'Taispeántán 23' an 18 Samhain 2022

([57]) Féach leathanaigh 9-10 den leagan oscailte d'aighneacht Jungbunzlauer 'Taispeántán 23'

(183) D'áitigh an t-iarratasóir go raibh saobhadh sealadach i bpraghsanna na Síne in 2021 agus go luath in 2022 toisc gur tháinig ardú ar phraghsanna táirgí Síneacha de bharr rátaí lasta an-ard do lastais coimeádán ón tSín chuig cinn scríbe thar lear. D'fhág sin go raibh tairiscintí thionscal an Aontais níos iomaíche ([58]). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionscal an Aontais a mhéid díolacháin a mhéadú beagán agus leibhéal praghsanna níos airde a chur i bhfeidhm. D'áitigh an t-iarratasóir freisin, áfach, gur tháinig athrú ar an treocht mhéadaitheach ar chostais lasta le déanaí agus go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ag díol arís ar phraghsanna níos ísle rud nach ligeann do thionscal an Aontais dul san iomaíocht ar théarmaí cothroma. Deimhnítear freisin an laghdú ar chostas lasta in 2022 leis na sonraí atá ar fáil go poiblí a luaitear in aithris (178) thuas.

(184) Tacaíodh leis an éileamh seo freisin le luachana an-íseal a thairg onnmhaireoirí Síneacha áirithe do chustaiméirí an Aontais in 2022 ([59]). Mar a mhínítear in aithrisí (96) go (98) thuas, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as na hacmhainneachtaí táirgthe móra breise sa tSín go héasca agus is beag seans go n-iontrálfadh líon mór allmhairí dumpáilte na Síne isteach i margadh an Aontais arís i gcainníochtaí suntasacha. Chuirfeadh na méideanna arda seo de ghlúcónáit sóidiam ar phraghas íseal brú suntasach ar thionscal an Aontais agus is dóichí go laghdódh méid na ndíolachán agus na bpraghsanna dá bharr. Dá bhrí sin, is dócha go dtiocfaidh meath tapa ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais, rud a chuirfidh a théarnamh le déanaí agus a mharthanacht sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma i mbaol.

(185) Agus ag cur san áireamh an méadaithe shuntasaigh ar phraghas na n-amhábhar atá tarlaithe cheana féin in 2022 agus a bhfuil coinne leis in 2023. ([60]), is dócha go ndéanfar dochar do bhrabúsacht thionscal an Aontais. Níos tábhachtaí ná sin, dá ligfí na bearta dul as feidhm, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh ardú ar chainníochtaí méadaithe na n-allmhairí dumpáilte ón tSín, agus rud a d'fhág go raibh tionscal an Aontais ag cailleadh airgid. D'fhágfadh an staid sin nach ndéanfaí glúcónáit sóidiam a tháirgeadh a thuilleadh san Aontas agus go n-imeodh gníomhaíochtaí iartheachtacha thionscal an Aontais laistigh de thréimhse sách gearr. Sa chás seo, bheadh táirgeadh domhanda glúcónáite sóidiam teoranta don tSín agus do na Stáit Aontaithe, rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar shlándáil an tsoláthair san Aontas.

(186) I bhfianaise na bhfíoras agus na breithnithe thuas, eadhon na hacmhainneachtaí móra breise sa tSín, an gá atá le honnmhaireoirí na Síne táirgeadh a mhéadú agus margaí nua a aimsiú, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus rochtain theoranta onnmhaireoirí na Síne ar mhargadh na Stát Aontaithe, an laghdú ar chostais iompair le déanaí agus leibhéal íseal na bpraghsanna a thairgeann onnmhaireoirí Síneacha do chustaiméirí san Aontas faoi láthair, tháinig an Coimisiún ar an tátal gur dócha go mbeadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ag praghsanna díobhálacha agus ábhar díobhálach de bharr bearta bheith in easnamh agus gur dócha go gcuirfí tús arís le díobháil ábhartha.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(187) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(188) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun Airteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

(189) Ar an mbonn sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh cúiseanna láidre ann a d'fhágfadh go ndéanfaí an chonclúid nach bhfuil sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun, d'ainneoin na gconclúidí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus go dtarlódh an díobháil arís.

([58]) Féach ar leathanach 7 den leagan oscailte d'aighneacht Jungbunzlauer 'Taispeántán 23'
([59]) Féach leathanaigh 1-2 den leagan oscailte d'aighneacht Jungbunzlauer an 21 Samhain 2022
([60]) Féach leathanach 2 den leagan oscailte d'aighneacht Jungbunzlauer an 21 Samhain 2022

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(190) Mar a luadh in aithris (171), léiríodh tionscal an Aontais go raibh sé in ann téarnamh ó dhumpáil dhíobhálach i margadh a bhí á rialú ag coinníollacha trádála éifeachtacha. Leis an sciar atá aige ar mhargadh na Stát Aontaithe, deimhnítear freisin go bhfuil a oibríochtaí inmharthana nuair nach mbíonn siad faoi réir iomaíocht éagórach ó allmhairí dumpáilte. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (171) thuas, tá an tionscal fós i staid leochaileach.

(191) Tá sé mar aidhm ag na bearta cosanta trádála atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas Eorpach agus sna Stáit Aontaithe timpeallacht éifeachtach agus iomaíoch a bhunú do gach táirgeoir glúcónáite sóidiam ach freisin do gach oibreoir eile. Léiríonn sonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil, cé go bhfuil sciar den mhargadh níos lú ná 5 % ag táirgeoirí na Síne i margadh na Stát Aontaithe, tá thart ar 20 % de sciar den mhargadh ag táirgeoirí an Aontais. Léiríonn sé sin go bhfuil tionscal an Aontais iomaíoch agus nach bhfuil sé réidh an deighleog dhíolacháin seo, atá uathúil san Aontas, a thréigean.

(192) Bunaithe ar an méid thuasluaite, thángthas ar an gconclúid dá sin gur chun leas an tionscail de chuid an Aontais atá sé síneadh a chur leis na bearta atá i bhfeidhm in aghaidh Dhaon-Phoblacht na Síne.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara**

(193) Mar a luaitear in aithris (18), níor chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhghaolmhar le linn an imscrúdaithe.

(194) Níor tugadh le fios san imscrúdú atá i bhfeidhm faoi láthair go raibh aon drochthionchar ag na bearta atá i bhfeidhm ar allmhaireoirí.

(195) Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú éaga a rinneadh roimhe seo go bhféadfadh na bearta difear diúltach a dhéanamh d'allmhaireoirí ach ar bhonn an-teoranta. Aimsíodh gurbh ionann sciar na glúcónáite sóidiam agus níos lú ná 5 % de láimhdeachas na n-allmhaireoirí a chomhoibrigh san athbhreithniú éaga roimhe seo.

(196) Bunaithe ar fhaisnéis ar fáil, mheas an Coimisiún nach mbeadh ach tionchar an-teoranta ar allmhaireoirí ag bearta a choinneáil, dá mb'ann dó in aon chor, agus gur mhó go mór na buntáistí a d'fhéadfadh na bearta a thabhairt do thionscal an Aontais ná an tionchar sin.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(197) Níor chomhoibrigh aon cheann d'úsáideoirí glúcónáite sóidiam san imscrúdú.

(198) Fuarthas amach san athbhreithniú éaga roimhe seo, maidir leis an úsáideoir comhoibríoch, gurbh ionann glúcónáit sóidiam agus níos lú ná 5 % de chostas monaraíochta na dtáirgí críochnaithe lena n-áirítear glúcónáit sóidiam. Mar sin ba cheart go mbeadh tionchar teoranta ag aon mhéadú ar phraghas glúcónáite sóidiam ar ghníomhaíochtaí na n-úsáideoirí.

(199) Léiríodh san imscrúdú freisin gur iompar tionscal an Aontais ar bhealach réasúnta maidir le socrú praghsanna. In 2019, nuair a tháinig méadú 5 % ar an meán ar phraghsanna thionscal an Aontais, bhí sé chun freagairt d'ardú costais 6 % an bhliain sin. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nuair a bhí praghsanna na Síne do chineálacha áirithe glúcónáite sóidiam níos airde ná Tionscal an Aontais, d'fhan praghas tionscal an Aontais chobhsaí.

(200) In éagmais comhair, agus mar a tharla san imscrúdú roimhe seo, níor nochtadh san imscrúdú reatha aon tionchar díobhálach suntasach ar úsáideoirí.

(201) Dá bhrí sin, ón bhfaisnéis a bhí ar fáil, bhain an Coimisiún de thátal as go mbeadh an tionchar, más ann dó, ar úsáideoirí leanúint de bhearta teoranta.

7.4. **Conclúid ar leas an Aontais**

(202) Ar bhonn an méid thuasluaite, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí glúcónáite sóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad a choimeád ar bun.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(203) Ar bhonn na gconclúidí ón gCoimisiún maidir le leanúint de dhumpáil, atarlú díobhála agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le glúcónáit sóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad a choimeád ar bun.

(204) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(205) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(206) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(207) Tá feidhm ag na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é agus a tháirgtear ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis atá gaolmhar leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(208) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([61]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(209) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar a mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin lena bhféadfaidís uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(210) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([62]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

([61]) European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi 170, 1040 Brussels, Belgium.

([62]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(211) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí glúcónáite sóidiam, ag a bhfuil uimhir an Aontais Custaim agus Staidrimh (CUS) 0023277-9 agus uimhir chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán (CAS) 527-07-1, atá faoi láthair faoi chód CN ex 2918 16 00 (cód TARIC 2918 16 00 10), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
Shandong Kaison Biochemical Co., Ltd	5,6	A972
Qingdao Kehai Biochemistry Co. Ltd	27,1	A973
Gach cuideachta eile	53,2	A999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *"Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge faoi athbhreithniú), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart."* Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Aibreán 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN